



LEABHRÁN TÉARMAÍ



Leabhrán Téarmaí
don Chéad Bhliain

Gramadach
Foirgneamh na Scoile
Na Daoine sa Scoil
Obair na Scoile
Saol na Scoile
Téarmaí teicneolaíochta
Adhmadóireacht
Béarla
Ceol
Corpoideachas
Eacnamaíocht Bhaile
Ealaín
Eolaíocht
Folláine
OSPS
Francis
Gaeilge
Gearmáinis
Grafaic Theicniúil
Matamaitic
OSSP
Reiligiún
Spáinnis
Staidéar Gnó
Stair
Teicneolaíocht Fheidhmeach
Tíreolaíocht
Briathra gnímh



Póstaeir ranga



Tóraíocht taisce:
téarmaí sa
tsaotharlann



Ullmhú do scrúdú



Cuardach focal



Crosfhocail

Mar mhúinteoir, conas is féidir liom an téarmaíocht a theagasc?




Cluiche tabú



Dul siar ar
thopaic



Tráth na gCeist



Anagramaim

Clár

FOCLÓIR DON CHÉAD BHLIAIN

Réamhrá	3
Nóta fáiltithe ó mhúinteoir ábhair	4

Foclóir ginearálta

1. Samplaí den Ghramadach	5
2. Teanga bhainistíocht ranga	6
3. Foirgneamh na Scoile	7
4. Na Daoine sa Scoil	8
5. Obair na Scoile	9
6. Saol na Scoile	10
7. Téarmaí teicneolaíochta	11
8. Caint neamhfhoirmeálta na gcluichí	12

Na hÁbhair Scoile

9. Adhmadóireacht	13
10. Béarla	19
11. Ceol	23
12. Corpoideachas	27
13. Eacnamaíocht Bhaile	31
14. Ealaín	36
15. Eolaíocht	40
16. Folláine/OSPS	45
17. Fraincis	50
18. Gaeilge	55
19. Gearmáinis	60
20. Grafaic Theicniúil	65
21. Matamaitic	69
22. OSSP	72
23. Reiligiún	77
24. Spáinnis	82
25. Staidéar Gnó	87
26. Stair	92
27. Teicneolaíocht Fheidhmeach	96
28. Tíreolaíocht	101
29. Ábhar breise	106
30. Briathra gnímh	108
31. Teanga na Scrúduithe	111



Gabhann COGG buíochas le foireann Choláiste Pobail Rath Chairn as bunchoincheap an leabhráin téarmaí a roinnt linn



An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí
Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Dearthóir: Don Harper, Artwerk Limited

Clóidóir: School Print Resources, Baile Átha Cliath 1.

Réamhrá

A phríomhoidí, agus a mhúinteoirí, a chairde,

Is mian liom fáilte a chur romhaibh chuig an gcéad eagrán de “Leabhrán Téarmaí don Chéad Bhliain” de chuid COGG. I mo thaithí mar oideachasóir ag plé le múinteoirí agus príomhoidí ar feadh na mblianta fada, tuigim gur ceann de na dúshláin is mó a bhíonn roimh scoláirí agus a gcuid múinteoirí sa chéad bhliain ná an t-ualach mór téarmaíochta nua atá le múineadh agus le sealbhú. Tá sé i gceist go mbeidh an leabhrán téarmaí seo mar dhroichead idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil i gcomhthéacs an tumoideachais.

Tá súil agam go gcabhróidh an leagan amach, na míniúcháin ar an téarmaíocht i nGaeilge shimplí agus na leideanna gramadaí leis an téarmaíocht a mhúineadh i gcomhthéacs. Tá an cur chuige sa leabhrán téarmaí dírithe freisin ar fheasacht na múinteoirí agus na scoláirí ar ghramadach agus ar chruinnscríobh na Gaeilge ón gcéad bhliain san iar-bhunscoil. Ba cheart go mbeadh an tuiscint agus an fheasacht seo ina gcabhair dóibh agus iad ag dul i ngleic leis an gcuraclam iomlán trí mheán na Gaeilge. Meastar go mbeidh sé tairbheach dóibh freisin agus iad ag iarraidh ardinniúlacht agus sárchumas sa Ghaeilge a bhaint amach le linn dóibh a bheith san iar-bhunscoil.

Tá sé i gceist go dtacódh an leabhrán téarmaí seo le haidhmeanna na scoile i leith forbairt litearthachta agus chruinneas na Gaeilge i measc na foirne agus na scoláirí, mar chuid den phróiseas féinmheastóireachta scoile.

Is leabhrán téarmaí píolótach atá i gceist i mbliana bunaithe ar choincheap a bhí sa cheann ag na múinteoirí i gColáiste Pobail Ráth Chairn. Bhí siad sásta an chéad leagan den leabhar a roinnt le COGG ionas go bhféadfaí é a fhorbairt agus a sholáthar i bhformáid a bheadh oiriúnach do scoileanna agus mo mhíle buíochas leo. Ba bhreá linn aiseolas a fháil uaibh mar mhúinteoirí agus mar shaineolaithe ábhair faoi infheidhmeacht an leabhair mar acmhainn teagaisc, ionas gur féidir linn feabhsuithe a chur i bhfeidhm do leagan na bliana seo chugainn. Beidh fáilte roimh aon tuairimí/ moltaí ag eolas@cogg.ie

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le **Deirdre Ní Chaomhánaigh, Pádraig Ó Beaglaoich** agus **Pól Ó Cainín** a rinne obair na gcapall ar an leabhrán seo chomh maith leis na baill foirne eile in COGG a roinn a gcuid tuairimí leo. Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt do na múinteoirí ábhar a chuir na liostaí focal ar fáil dúinn sna hábhair éagsúla. Mo bhuíochas libh uile!

A scoláirí, a chairde,

Tá an leabhrán téarmaí seo leagtha amach ar bhealach simplí agus tarraingteach chun cabhrú libh na focail agus na téarmaí nua go léir sna hábhair éagsúla a fhoghlaim agus sibh sa chéad bhliain. Tá súil agam go gcabhróidh na míniúcháin ar na téarmaí éagsúla libh iad a thuiscint níos fearr ionas go mbeidh sibh in ann iad a úsáid in abairtí atá cruinn agus ceart.

Tá leideanna beaga gramadaí in úsáid anseo agus ansiúd chun cabhrú libh na téarmaí gramadaí a thuiscint ón gcéad bhliain san iar-bhunscoil. Beidh an tuiscint seo ina cabhair an-mhór agus sibh ag bogadh ar aghaidh tríd an iar-bhunscoil ó bhliain go bliain agus ag iarraidh píosaí scríbhneoireachta níos casta a thuiscint agus cinn a chruthú sibh féin. Is féidir libh tuairimí nó moltaí maidir leis an leabhar a roinnt le bhur múinteoirí, a roinnfidh linne iad.

Go n-éirí go geal libh!

Jacqueline Ní Fhearghusa
Príomhfheidhmeannach COGG

Nóta fáiltithe ó mhúinteoir ábhair

Tá go leor fianaise ann go mbíonn dúshláin mhóra roimh mhúinteoirí ábhair i nGaelcholáistí, in iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus in aonaid lán-Ghaeilge, go háirithe mar a bhaineann sé leis an gcuraclam iar-bhunscoile a mhúineadh trí theanga an tumoideachais. Is áis chúnta é an leabhrán seo do scoláirí na chéad bhliana, a chuirfidh go mór lena gcumas feidhmiú go héifeachtach agus go muiníneach sa bhliain sin. Anuas air sin, freastalóidh sé ar na riachtanais a bhíonn ag múinteoirí ábhair iar-bhunscoile atá ag teagasc trí Ghaeilge.

Mar mhúinteoir ábharbhunaithe ag feidhmiú i gcomhthéacs tumoideachais, tá sé tábhachtach a thuiscint nach ionann an t-ábhar a mhúineadh go héifeachtach sa dara teanga agus gach aon ní a aistriú go Béarla. Is múinteoirí teanga sinn ar fad. Ní hé sin le rá gur saineolaithe teanga sinn, a bhfuil ar ár gcumas an Ghaeilge a mhúineadh, ach is saineolaithe sinn ar fad i dteanga an ábhair. Is féidir le múinteoirí feacht teanga an scoláire a fhorbairt ina gcuid réimse saineolais féin. Tá sé de chúram gairmiúil orainn ábhair acadúla agus an Ghaeilge a theagasc ag an am céanna, bunaithe ar choincheap a bhaineann le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha – FCÁT.

Tá an teanga neadaithe i gcoincheapa an ábhair. Nuair a dhírímid ar theanga an ábhair agus go háirithe ar na heochairfhocail, cabhraíonn sé go mór le scoláirí coincheapa an ábhair a thuiscint agus a shealbhú. Glacaimid go mbíonn ar lúthchleasaithe agus ar cheoltóirí cleachtadh a dhéanamh arís is arís eile chun iniúlacht a bhaint amach. Luíonn sé le ciall go mbíonn ar fhoghlaimoirí teanga an cleachtadh céanna a dhéanamh le heochairfhocail nua. Deirtear go mbíonn ar scoláirí focal nua a chleachtadh idir 10-15 uaire sula mbíonn sé 'sealbhaithe' i gceart acu (Lemoine, Levy, & Hutchison, 1993). Mar mhúinteoirí teanga i ranganna ábharbhunaithe, caithfimid a chinntiú go dtugaimid go leor deiseanna do scoláirí na heochairfhocail nua a shealbhú.

Tá sé riachtanach na heochairfhocail seo a chur i gcomhthéacs an ábhair agus iad á mhúineadh againn. Tógaimis, mar shampla, an focal 'fuinneog'.

- **an fhuinneog** (An Tuiseal Ainmneach Uatha - focal baininscneach le séimhiú ag an tús)
- **ar an bhfuinneog** (An Tuiseal Tabharthach)
- **in aice na fuinneoige** (An Tuiseal Ginideach Uatha)
- **na fuinneoga** (An Tuiseal Ainmneach Iolra)

Ní féidir talamh slán a dhéanamh de gur féidir le scoláire 'na fuinneoga' nó 'an fhuinneog' a úsáid sa chomhthéacs ceart toisc go dtugaimid an focal 'fuinneog' dóibh. Tá sé díreach mar an gcéanna leis na heochairfhocail ar fad trasna an churaclaim.





Sa leabhrán seo, tá sainmhíniú na n-eochairfhocal scríofa i nGaeilge shimplí seachas iad a bheith aistrithe go Béarla. Tugann sé seo deis don scoláire na focail nua a thuiscint ag baint úsáid as an sprioctheanga. Sa tslí seo, seachnaítear an claonadh a bhíonn ann sna ranganna, uaireanta, gach aon rud a aistriú go Béarla ar mhaithe le tuiscint an scoláire a chinntiú.

Má thugaimid tús áite do mhúineadh agus d'fhoghlaim na n-eochairfhocal sna ranganna ábharbhunaithe, ag díriú ar úsáid na sprioctheanga agus ag cur béim ar chomhthéacs, éireoidh na scoláirí níos muiníní le teanga an ábhair agus tiocfaidh feabhas ar a gcuid cumais dul i ngleic le coincheapa an ábhair dá bharr.

Samplaí den Ghramadach

Téarma	Míniú	Samplaí
Ainmfhocal	An t-ainm atá ar rud, ar áit nó ar dhuine.	tábla, bord, Gaillimh, Ciara, Ruairí
Ainmfhocal baininscneach	Ainmfhocal a leanann na rialacha d'ainmfhocail bhaininscneacha.	an bhean, an tsaoirse, an tír
Ainmfhocal firinscneach	Ainmfhocal a leanann na rialacha d'ainmfhocail fhirinscneacha	an fear, an sagart, an gluaisteán
Consan	Litir san aibítir, nach guta í.	b, c, d, p, r, s, mar shampla
Consan caol	Consan a bhfuil i nó e (guta caol) díreach in aice leis.	cith, mil, rith
Consan leathan	Consan a bhfuil a, o, u (guta leathan) díreach in aice leis.	cara, nua, doras
Guta	Litir san aibítir, nach consan í.	a, e, i, o, u, á, é, í, ó, ú
Guta caol	e, é, i nó í	
Guta leathan	a, á, o, ó, u nó ú	
Réamhfhocal	Focal beag a chuireann ceangal idir dhá rud in iúl, m.sh. Tá póstaer ar bhalla. Fuair mé litir ó Mháire.	ar, ó, as, i, thar, um, faoi, ag, de, do
Séimhiú	h a chuirimid tar éis consain ag tús focail. Cuirimid séimhiú ar fhocail i gcásanna áirithe, m.sh. tar éis ar, faoi, sa.	an G haeilge, ar b hean, sa p hluais
Urú	Litir a thagann roimh an gcéad chonsan i bhfocal. Cuirimid urú ar fhocail i gcásanna áirithe, m.sh. tar éis ar an nó ag an nó faoin . I gcás gutaí, cuirimid n- roimh an gcéad ghuta tar éis ár, bhur, agus a.	ar an m bád, faoin b pluais, leis an n grian, ár n -athair, bhur n -uncail, a n -aint
An tuiséal tabharthach	Sa tuiséal tábharthach bíonn an t-ainmfhocal tar éis réamhfhocail.	ar theach, sa scoil, ón duine
	(i) Cúige Uladh: réamhfhocal + an + séimhiú	ar an bhean, ar an fhear, ar an fhuinneog
	(ii) Na cúigí eile: réamhfhocal + an + urú	ar an mbean, ar an bhfear, ar an bhfuinneog.
Tá an dá leagan den riail thuas ceart, ach is fearr ar fad ceann amháin a roghnú agus cloí leis i gcónaí.		

Áiseanna ar líne don ghramadach

teanglann.ie	
tearma.ie	
foclóir.ie	
https://www.cogg.ie/gaelchultúr-fis-agus-foghlaim/	An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta 

Teanga Bhainistíochta Ranga



Tús an ranga	Ar mhiste libh suí síos. Anois seo iad na hintinní foghlama don rang inniu. Ar mhiste libh na leabhair a thógáil amach. An bhféadfadh sibh na leabhair a oscailt ar leathanach x. Dún/Druid an doras i do dhiaidh, a Róisín.
Socrú síos	An dtiocfadh libh a bheith ciúin le bhur dtoil. Anois, tá ciúnas de dhíth orm.
Dul siar	Tosóimid inniu trí dhul siar ar ábhar an ranga dheireanaigh An cuimhin leat, a Mháire, cad is brí le x?
Obair bhaile	Cá bhfuil d'obair bhaile? Tugaigí suas an obair bhaile anois, le bhur dtoil. Baileoidh mé an obair bhaile uaibh anois.
Obair ranga	Ar mhiste leat é sin a léamh os ard ansin, a Pheadair? Coimhead an fhoghraíocht. Bí cúramach leis an bhfoghraíocht. Éistigí go cúramach anois. Oscail/Foscail an fhuinneog ansin, a Aoife, le do thoil. Déanaigí grúpaí de cheathrar anois, le bhur dtoil. Pléigí an cheist sin i ngrúpaí. Ar mhaith libh díospóireacht a dhéanamh amárach?
Deireadh an ranga	Anois, déanaigí na ceisteanna sin don obair bhaile. Beidh scrúdú againn ar an ábhar sin amárach. An bhféadfadh sibh bhur leabhair a dhúnadh anois, le bhur dtoil. Críochnóimid an chaibidil sin amárach.



Foirgneamh na Scoile



<p>An bhialann/ An ceantín</p>	<p>An áit sa scoil ina n-itheann scoláirí le chéile ag am sosa agus ag am lóin. Go minic, bíonn bia agus deochanna á ndíol inti.</p>
<p>Oifig an phríomhoide</p> 	<p>An seomra ina n-oibríonn an príomhoide agus ina mbuaileann sé/sí le scoláirí/múinteoirí.</p>
<p>Oifig an Rúnaí</p>	<p>Oibríonn rúnaí na scoile sa seomra seo.</p>
<p>An oifig threorach</p>	<p>Seo an seomra ina n-oibríonn an treoirchomhairleoir/comhairleoir scoile. Is spás sábháilte é don scoláire labhairt faoi rud ar bith is mian leis/léi.</p>
<p>An leabharlann</p> 	<p>An seomra ina bhfuil go leor leabhar. Bíonn deis ag scoláirí leabhair a thógáil ar iasacht nó obair neamhspleách a dhéanamh sa leabharlann.</p>
<p>An léachtlan/ An halla tionóil</p> 	<p>Seomra mór, le sraitheanna suíochán, ina dtagann grúpa mór scoláirí le chéile. Go minic, bíonn cuma amharclainne ar an seomra seo.</p>
<p>An tsaotharlann</p> 	<p>Seomra mór do ranganna praiticiúla, ina bhfuil trealamh agus fearas don ábhar cúí, m.sh. an tsaotharlann eolaíochta</p>
<p>An seomra ciúin / An seomra machnamhach / An seomra spioradálta / An díseart</p>	<p>Seo seomra ciúin atá ar fáil do scoláirí, a bhfuil spás príobháideach uathu, chun sos a ghlacadh agus chun smaoineamh. Uaireanta, téann grúpa ann le múinteoir chun machnamh a dhéanamh nó chun guí.</p>
<p>An seomra foirne</p>	<p>An seomra ina n-oibríonn na múinteoirí nó ina nglacann siad lón.</p>
<p>An seomra ríomhaireachta</p>	<p>An seomra ina bhfuil ríomhairí do na scoláirí.</p>
<p>An seomra tacaíochta foghlama</p>	<p>An seomra ina mbíonn ranganna aonair/beaga ar siúl le múinteoir tacaíochta foghlama. Go minic bíonn an cúntóir riachtanais speisialta anseo freisin ag cabhrú le scoláirí.</p>
<p>An trealamh</p>	<p>Fearas atá sa scoil do na hábhair éagsúla, m.sh. trealamh spóirt nó trealamh ceoil.</p>




Na Daoine sa Scoil



<p>An bliainmhúinteoir/ An ceann bliana</p>	<p>An múinteoir atá freagrach as bliainghrúpa faoi leith.</p>
<p>An captaen/ An cinnire</p>	<p>An scoláire sinsearach atá i gceannas ar choiste nó ar ghrúpa scoláirí sa scoil, agus a bhfuil freagrachtaí faoi leith aige/aici, m.sh. an captaen ceoil nó captaen na Gaeilge, nó cinnire ranga.</p>
<p>An comhairleoir scoile</p> 	<p>Is múinteoir é/í seo a thugann tacaíocht agus cluas éisteachta do scoláire ar bith a bhfuil cabhair nó comhairle uaidh/uaithi, m.sh. má tá deacracht ag an scoláire socrú isteach sa chéad bhliain, is féidir leis/léi labhairt leis an gcomhairleoir scoile faoin bhfadhb.</p>
<p>An cúntóir riachtanais speisialta</p>	<p>An duine a chabhraíonn le scoláire faoi leith taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga. Bíonn an cúntóir riachtanais speisialta ar an eolas faoi riachtanais an scoláire agus go minic freastalaíonn sé/sí ar ranganna in éineacht leis an scoláire.</p>
<p>An feighlí scoile/ An t-airíoch</p>	<p>Duine a thugann aire d'fhoirgneamh na scoile, an córas teasa agus eile.</p>
<p>Foireann na scoile</p>	<p>Na daoine ar fad atá ag obair sa scoil – múinteoirí, cúntóirí riachtanais speisialta, príomhoidí, rúnaí, airíoch/feighlí agus mar sin de.</p>
<p>An leabharlannaí</p> 	<p>An duine atá i bhfeighil ar an leabharlann.</p>
<p>An meantóir</p>	<p>An múinteoir a thugann tacaíocht ghinearálta do scoláirí faoi leith. Buaileann an meantóir agus an scoláire le chéile go minic le linn na scoilbhliana.</p>
<p>An múinteoir ranga</p> 	<p>An múinteoir atá i gceannas ar rang faoi leith agus a chabhraíonn leis na scoláirí sa rang sin. Go minic, bíonn cruinniú ag na scoláirí leis an múinteoir ranga gach seachtain.</p>
<p>An múinteoir tacaíochta foghlama</p>	<p>An múinteoir a chabhraíonn le scoláirí a bhfuil breis tacaíochta nó sainchabhair ag teastáil uathu.</p>
<p>An príomhoide tánaisteach / An leas-phríomhoide</p>	<p>An duine a chabhraíonn leis an bpríomhoide an scoil a réachtáil.</p>
<p>Na Sinsir</p>	<p>Na scoláirí is sine sa scoil. Tá siad i mblianta 4, 5 agus 6.</p>
<p>Na Sóisir</p>	<p>Na scoláirí is óige sa scoil. Tá siad i mblianta 1, 2 agus 3.</p>
<p>An séiplíneach</p>	<p>An comhairleoir atá ar fáil do scoláirí chun éisteacht agus labhairt leo faoi théamaí spioradálta, ach go háirithe.</p>






Obair an Scoláire



Ábhar éigeantach/riachtanach	Ábhar scoile atá ar gach scoláire a dhéanamh, m.sh. Gaeilge, Béarla, Mata.
Ábhar rognach	Ábhar scoile a roghnaíonn an scoláire, ag brath ar na hábhair suime atá aige/aici, m.sh. Ceol, Gearmáinis, Staidéar Gnó.
Áis (Áiseanna) 	Acmhainní/saoráidí sa scoil nó ar thalamh na scoile atá na scoláirí ábalta a úsáid, m.sh. an halla spóirt, an seomra ceoil, páirc imeartha, cúirt chispheile.
An aiste	Píosa fada scríbhneoireachta faoi théama ar leith.
An t-aonad	An ceacht foghlama, nó an chaibidil i leabhar, faoi théama ar leith.
Blag	Píosa neamhfhoirmeálta scríbhneoireachta ar shuíomh idirlín.
An chaibidil	An t-aonad i leabhar scoile atá bunaithe ar théama faoi leith.
Cur i láthair 	Taispeántas/léiriú ó bhéal, go minic ar Powerpoint. Déanann scoláire os comhair an ranga é faoi ábhar ar leith.
An gearrchúrsa/ An modúl	An t-aonad foghlama a bhíonn ar siúl ar feadh tréimhse ghairid, m.sh. ar feadh 6 seachtaine.
Intinn (intinní) Foghlama	Aidhm(eanna) a bhíonn ag múinteoir ag tús an cheachta/ranga, atá le bheith foghlamtha ag na scoláirí faoi dheireadh an cheachta/an ranga sin.
An measúnú	An modh ina ndéantar breithiúnas ar obair an scoláire, m.sh. marcanna a thabhairt ar scrúdú ranga, ar chur i láthair, ar thionscnamh.
Measúnú Leanúnach	Measúnú rialta a dhéanann an múinteoir ar an obair, le modhanna éagsúla.
Measúnú Rangbhunaithe (MRB)	Tasc atá le déanamh i mblianta 2 agus 3 i ngach ábhar le linn an ranga thar thréimhse cúpla seachtain. Is cuid oifigiúil den tSraith Shóisearach é seo.
An phunann 	An fillteán ina gcoimeádann scoláire an obair ranga nó an obair thionscnaimh atá déanta.
Scrúduithe na Nollag / an tSamhraidh	Scrúdú fada i ngach ábhar a bhíonn ar siúl roimh shaoire na Nollag nó roimh laethanta saoire an tsamhraidh.
Scrúdú Ranga	Scrúdú gairid a bhíonn ar siúl le linn an ranga.
Táscaire	Comhartha go bhfuil tasc nó gníomh á bhaint amach ar chaighdeán faoi leith.
Tionscadal/ Tionscnamh	Píosa oibre cuimsitheach a dhéanann scoláirí faoi thopaic ar phóstaer, ar PowerPoint nó a leithéid.

Saol na Scoile



<p>Coiste/Cumann</p>	<p>Grúpa scoláirí a oibríonn le chéile ar son ábhar nó téama faoi leith. Cabhraíonn siad an téama a chur chun cinn sa scoil agus eagraíonn siad feachtais nó imeachtaí do na scoláirí eile, m.sh. an coiste timpeallachta, cumann na scoláirí.</p>
<p>Comhairle na scoláirí / Comhairle na ndaltaí</p>	<p>Grúpa scoláirí ó gach bliaingrúpa a oibríonn le chéile ar mhaithe leis na scoláirí. Go minic, eagraíonn siad imeachtaí do na scoláirí.</p>
<p>Dialann scoile</p> 	<p>An leabhrán nótaí a bhíonn ag scoláire chun an obair bhaile a nótaíl. Go minic, scríobhann tuismitheoirí/caomhnóirí nótaí ann, m.sh. nótaí tinnis agus nótaí asláithreachta.</p>
<p>Feisteas spóirt</p> 	<p>Éadaí spóirt</p>
<p>Gníomhaíochtaí seach-churaclaim</p>	<p>Gníomhaíochtaí nó clubanna atá ar siúl ag am lóin nó i ndiaidh am scoile, ina nglacann scoláirí páirt, m.sh. club drámaíochta, club díospóireachta, traenáil spóirt, banna ceoil, cór.</p>
<p>Nóta asláithreachta</p>	<p>Nóta a scríobhann tuismitheoir/caomhnóir (i ndialann scoile an scoláire) tar éis do scoláire a bheith as láthair.</p>
<p>Plean oibre/ Plean staidéir</p>	<p>Clár ama a chuireann scoláire le chéile chun cabhrú leis/léi struchtúr a chur ar an obair bhaile agus dul siar a dhéanamh.</p>
<p>Poncúlacht/ tráthúlacht</p> 	<p>A bheith in am don lá scoile ar maidin agus do gach rang i rith an lae.</p>
<p>Tinreamh scoile</p>	<p>Na laethanta a bhíonn scoláire ar scoil.</p>
<p>Tionól</p> 	<p>Teacht le chéile idir na scoláirí agus foireann na scoile.</p>
<p>Tuairisc scoile</p> 	<p>Cuntas ar obair, dul chun cinn agus forbairt an scoláire. De ghnáth, faigheann an tuismitheoir/caomhnóir tuairisc ag an Nollaig agus ag deireadh na scoilbhliana, ina bhfuil toradh agus tagairt ó gach múinteoir.</p>

Téarmaí Teicneolaíochta



Blag	Píosa neamhfhoirmeálta scríbhneoireachta ar shuíomh idirlín.
Córas giolcaireachta na scoile 	Cuntas na scoile ar Twitter chun teachtaireacht a chur amach chuig lucht leanúna.
Cuntas idirlín na scoile	Cuntas idirlín a thugann seoladh ríomhphoist scoile do gach scoláire, mar aon le rochtain ar sheirbhísí faoi leith, m.sh. GoogleClassroom nó Microsoft Office/Teams.
Guthán cliste 	Fón ar ar féidir teacht ar an idirlín. Bíonn cosc ar ar fhóin phóca i rith ranganna in go leor scoileanna.
Giolc/Tvuít	Teachtaireacht ghearr a chuireann duine ar chuntas Twitter.
Leabhar digiteach	Leabhar i bhfoirm PDF.
Ríomhaire glúine 	Ríomhaire is féidir a iompar ó áit go háit.
Ríomhleabhar / eleabhar 	Leabhar atá le fáil ar ríomhaire, seachas cóipchrua is féidir a chur i do mhála.
Ríomhphost / Rphost	Teachtaireacht a chuirimid go digiteach, agus seoladh ríomhphoist an duine in úsáid againn.
Ríomhphunann	Filleán digiteach ar líne (go minic ar chuntas scoile an scoláire) ina gcoimeádann an scoláire obair ranga agus tionscnaimh.
Seoladh ríomhphoist scoile an scoláire	Seo an seoladh pearsanta atá ag gach scoláire ar scoil chun teachtaireachtaí a sheoladh go digiteach.
Suíomh gréasáin/ idirlín	Leathanaigh ar an idirlíon ar a bhfuil go leor eolais faoi eagraíocht, faoi chomhlacht agus mar sin de, m.sh. bíonn eolas faoi do scoil ar fáil ar shuíomh gréasáin na scoile.
Táibléad 	Gléas beag ríomhaireachta is féidir a iompar timpeall agus ar a bhfuil rochtain idirlín.

Caint neamhfhoirmeálta na gcluichí

Amuigh!
Istigh!
Is ligean é sin – bhuail sé an líon
Cúl!
Anseo!/ Chugam!
Buail amach é!
Ar aghaidh leat!
Pas an liathróid
Tabhair dom an liathróid
Faigh an liathróid
Sin cúl
Bhí sé ar fóraoil/ar seachrán
Maith thú!
Mí-ádh
An bhfuil cead agam imirt?
Ar mhaith leat imirt?
Cad é an scór?
A haon araon/ a dó, a náid
Roghnaigh foireann
Calaois a bhí ann!
Cic éirce atá ann
Beir air!
An-chic!
Cén cineál pleidhcíochta atá ar siúl agat?

An-bhreith!
Maith an bhean!/Ardfhear!
Tabhair lascadh breá don liathróid!
Rinne tú éagóir
Cloígh leis na rialacha!
Níl tú ag cloí...
Ní tusa atá i bhfeighil
Bhí sé/sí sa chearnóg
Sin cúinne
Fuair siad cic saor/cic taobhlíne
Idir na cuailí
Thar an trasnán
Iompaigh/cas timpeall/tiontaigh thart
Ardaigh an liathróid
Chuaigh sí/sé ar ruathar aonair
Bhí mí-ádh orainn
Glac an cúilín
Scór den scoth
Bhuail sé an trasnán
Táim gortaithe
Sinne na buaiteoirí!














Adhmadóireacht







An Adhmadóireacht (bain)	Sampla	Míniú ar an riail ghramadaí
An tuiséal ainmneach / cuspóireach	Is maith liom an adhmadóireacht .	Níl t roimh adhmadóireacht - mar a bheadh i gcás adhmaid (an t-adhmaid) - mar gur ainmfhocal baininscneach í adhmadóireacht agus ní chuirimid t roimh ainmfhocail bhaininscneacha a thosaíonn le gutaí sa tuiséal seo.
An tuiséal tabharthach	Tá scrúdú againn ar an adhmadóireacht inniu.	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
	Tá scrúdú againn ar an adhmadóireacht inniu.	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiséal ginideach	Leabhar adhmadóireachta .	Tá adhmadóireacht sa tuiséal ginideach, rud a chiallaíonn gur gá a a chur ag deireadh an fhocail, mar a tharlaíonn le múinteoireacht agus léitheoireacht.

EOCHAIRFHOCAIL DON ADHMADÓIREACHT










A	
Aghaidhsciath 	Clúdach chun tú féin a chosaint ó rudaí beaga a bhuaileann d'aghaidh.
An t-aireagán	An rud / tionscadal nár cumadh riamh roimhe.
B	
An binse oibre 	An áit a ndéanann tú obair le do phársaí adhmaid.
Bosca garchabhrach	Bosca ina bhfuil plastair (greimlíní), bindealáin, uige, agus antaiseipteáin, úsáideann tú é má ghortaíonn tú tú féin.

C	
<p>An clár líníochta</p> 	<p>An uirlis adhmaid ar a dtarraingíonn tú líníocht dhéthoiseach agus thríthoiseach.</p>
<p>Comhréir</p> <p>4 : 6</p> 	<p>Modh a úsáidtear chun méideanna éagsúla rudaí a chur i gcomparáid lena chéile.</p>
<p>Comhthreomhar</p> 	<p>Línte, plánaí, nó dromchlaí atá in aice lena chéile, a mbíonn an fad céanna eartarthu i gcónaí, agus nach mbuaileann lena chéile riamh.</p>
<p>An casúr</p> 	<p>An uirlis a úsáidimid chun tairní a bhaint agus a ghreamú den adhmaid.</p>
D	
<p>An dual</p> 	<p>An píosa cónúil adhmaid a chuidíonn chun dhá phársa adhmaid a cheangal le chéile.</p>
<p>Dearadh ríomhchuidithe (DRC)</p> 	<p>Nuair a úsáideann tú ríomhaire chun do thionscadal a dhearadh.</p>
E	
<p>Eirgeanamaíoch (dearadh eirgeanamaíoch)</p> 	<p>Dearadh a bheidh compordach, sábháilte le húsáid agus in oiriúint don duine.</p>
F	
<p>An fhoraois</p>	<p>Limistéar talún atá lán de chrainn.</p>

LEABHRÁN TÉARMAÍ

F (ar lean)	
An fhréamh 	Rúta - bun crainn nó planda, a tharraingíonn mianraí agus uisce ón ithir.
Fungas	Orgánach a fhásann ar adhmaid fliuch.
An fheithid/ Na feithidí 	Grúpa ainmhithe beaga - trí chuid ina gcolainn, dhá adharcán orthu, trí pháire cos, agus bíonn sciatháin orthu go minic.
G/H	
An ghearrthóg/ An beangán 	Gas a ghearraimid de chrann nó de phlanda.
Greanáil 	An próiseas chun dromchla a dhéanamh mín.
Gaothrán	Uirlis a ligeann d'aer dul trí pháibán. Fean an t-ainm eile atá air.
I/J/K	
L	
Leathán 	Ábhar adhmaid a thagann i méideanna éagsúla.
Líniócht scartha 	Léaráid ina bhfuil na páirteanna/codanna le feiceáil go soiléir mar atá siad sa rud atá faoi scrúdú.
M	
An micéiliam	An tríú céim i saolré fungais.
Mín sáibh	An dusta a thagann as adhmaid.
N	
Nuashonrú	Uasdátú, bíonn nuashonrú ag teastáil go rialta ó ríomhaire agus é ag feabhsú.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

O	
Ola rois 	Ola a úsáidtear chun adhmaid a chaomhnú.
P	
Póir 	An soitheach nó an feadán a iompraíonn uisce i gcrua-adhmaid sa chrann beo.
R	
Réadán / míol críon 	Feithid a itheann adhmaid.
Rianaire moirtíse 	Uirlis a chuidíonn chun ailt tionúir a mharcáil amach.
S	
Sábhadh tríd is tríd 	An modh is éasca chun adhmaid a ghearradh chun é a chur in oiriúint mar chláir.
Snáithe geal 	Cuma tharraingteach nádúrtha atá ar chrua-adhmaid nuair a ghearraimid é agus nuair a chuirimid snas air.
Sciorradh talún 	Nuair a bhogann/thiteann talamh de bharr drochaimsire.
An síol 	An rud cruá beag a gheobhaidh tú i lár torthaí (cnó capaill, úll, oráiste, nó fionchaor, mar shampla) nó ag fás ar ghas (grán nó eorna). Fásann crann nó planda as nuair a thiteann sé i gcré.
T	
An tamhan 	An stoc - an chuid lárnach den chrann os cionn na talún agus an chuid is láidre de. Fásann na craobhacha air.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

T (ar lean)

Tiomántán crua seachtrach



Gléas stórála digiteach, nach cuid den ríomhaire é, a stóráilann comhaid.

An trastomhas




An líne tomhais a théann ó thaobh go taobh trí lár ciorcail.

U/V/W/X/Y/Z

Uirlis chumhachta

Uirlis a úsáideann leictreachas nó cadhnaí chun adhmaid a ghearradh.

Uigeacht





Teicníc líníochta chun cuma níos réadúla a chur ar phictiúr.

Téarma

Míniú

Béarla



An Béarla (fir)	Sampla	Míniú ar an rial ghradaí
An tuiseal ainmneach / cuspóireach	Is maith liom an Béarla .	Níl aon séimhiú ar an Béarla mar gur ainmfhocal frinscneach é. Tá gach teanga eile baininscneach.
An tuiseal tabharthach 	Tá scrúdú againn ar an mBéarla inniu.	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
	Tá scrúdú againn ar an Bhéarla inniu.	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiseal ginideach	Tá dul an Bhéarla air.	Cuirimid séimhiú ar an gcéad chonsan tar éis an sa ghinideach uatha

EOCHAIRFHOCAIL LITRÍOCHTA

Gaeilge	English	Sainmhíniú
A		
Abairt	Sentence	A collection of words which, together, make sense.
Aidiacht	Adjective	A word which describes a person, place or thing (noun).
Áibhéil	Hyperbole	Authors use hyperbole, or exaggeration, to put emphasis on a statement. It should not be taken seriously.
An aimsir chaite	The past tense	Verbs which describe an action which has taken place, e.g. put, was, went.
An aimsir fháistineach	The future tense	Verbs which describe an action which will take place, e.g. will put, will be, will go.
An aimsir láithreach	The present tense	Verbs which describe an action which is currently happening or which happens regularly, e.g. go, is, see.
An t-ainmfhocal	The noun	A person, place or thing.
An t-alt/ An paragraf	The paragraph	Authors give shape to writing with paragraphs. A new paragraph is used for a new thought or point.
Athrá	Repetition	The use of a word, image, metaphor or line again and again to emphasise the point.
B		
An briathar	The verb	A word which expresses an action, e.g. walk, went, sing, be.

LEABHRÁN TÉARMAÍ



C		
Consan	Consonant	Letters of the alphabet, which are not vowels (a, e, i, o, u), and in which the breath in the mouth is partly obstructed when saying them.
D		
Dobhriathar	Adverb	A word which describes a verb, e.g. softly, strongly, and modifies adjectives and other adverbs.
E		
F		
Forainm	Pronoun	A word which we use instead of the name of a person, place or thing, e.g. me, you, her, there.
Fuaimfhoclaíocht	Onomatopoeia	A word in which the sound describes the meaning, e.g. crash, bang, pop, crunch.
G		
An ghramadach	Grammar	Rules regarding the structure and layout of a language.
Guta	Vowel	Letters which are not obstructed in the mouth while saying them, e.g. a, e, i, o and u.
H/I/J/K		
Íomhá/ íomhánna	Image/ images	A picture or pictures which the author/poet creates with words.
Iolra	Plural	More than one.
L		
M		
Meafar	Metaphor	The author/poet compares two things to emphasise what s/he is saying.
Mothúchán	Feeling	The way you feel, or the emotions you experience.
N		
O		
P/Q		
Pearsantú	Personification	The author/poet gives human characteristics to a thing or animal in a text to arouse stronger feelings in the reader.
Poncaíocht ! . ?	Punctuation	Signs which help us to make sense of written sentences, e.g. comma, full stop, question mark.
R		
Réamhfhocal	Preposition	A word, before a noun or pronoun, which expresses the relation of the two words, e.g. on, at, under, before.
Rím	Rhyme	The use of the same sounds between words or word endings at the end of lines to add to the sound and rhythm of the words.

ABAIRTÍ ÚSÁIDEACHA



I enjoyed this poem immensely.	The main plot of this story is gripping.
I would recommend this novel highly.	I was unimpressed by the way the story developed.
The author uses the language of persuasion/information/discussion in this piece.	I don't think that I would enjoy another novel by this author as I found this one rather boring.
I felt extremely upset after reading this novel.	I enjoyed the director's use of lighting and costuming. They really highlighted the main theme of the play.
My favourite genre to read is horror/romance/comedy/historical fiction...	The actor uses gestures effectively in his role as X to convey his sadness/happiness/joy/anguish...
The main character is very interesting.	This short film has many features of a comedy.
I would like to read more by this author.	I enjoyed the rich luscious imagery employed by the poet in this poem as I could picture the scene vividly.
The theme of this poem is love/war/childhood.	I found this film very entertaining.
I enjoyed the author's use of style.	The use of staging is crucial in any production of X.
I would like to read another poem by this poet.	The dialogue in this play is very easy to understand.
The author uses metaphors effectively throughout this short story.	I enjoy going to the cinema/theatre to see films/plays.
The function of this character is to reveal...	In both texts, the writers explore their concerns about...
The author's descriptive skills create the impression that...	The theme of X becomes significant in the novel/poem because...
The function of this character is to reveal...	The title of the poem/novel provides the key to interpreting it.

Ceol










An Ceol (fir)	Sampla	Míniú ar an riail ghradaí
An tuiséal ainmneach/ cuspóireach	Is maith liom an ceol .	Tá an ceol gan séimhiú mar gur ainmfhocal firinsneach é ceol.
An tuiséal tabharthach 	Tá meas agam ar an gceol traidisiúnta.	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
	Tá meas agam ar an ceol traidisiúnta.	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiséal ginideach	Bhí sí ag cumadh an cheoil aréir.	Athraíonn an ceol go dtí an cheoil sa tuiséal ginideach. Cuirimid séimhiú ar an gcéad chonsan agus déanaimid deireadh an fhocail caol, is é sin, cuirimid i isteach. Sampla eile, an cat > cluas an chait .




EOCHAIRFHOCAIL DON CHEOL

A	
Amchomhartha 	An dá uimhir a léiríonn fad na mbarraí. Bíonn siad le feiceáil ag tús píosa ceoil.
Amhrán	Píosa ceoil a chanann duine.
B	
Barra	Eagraímid rithim i bhfad rialta – tugaimid barra mar ainm ar an bhfad rialta sin.
Buille (Cuisle/ Méadar)	An fhuaim rialta rithimeach a chloiseann tú i bpíosa ceoil. Is minic a bhuaileann tú le do chos é. Tugaimid cuisle nó méadar mar ainm air freisin.
C	
An camán 	Nóta dubh, le cos agus eireaball air. Tá leathbhuille aige.
An cheolfhoireann	Grúpa mór daoine agus uirlis ag gach duine, iad roinnte i bhfinte (clanna). Seasann stiúrthóir os a gcomhair agus stiúránn sé/sí iad agus iad ag seinm píosa ceoil chun nach seinnfidh siad píosa as áit.

LEABHRÁN TÉARMAÍ



C (ar lean)	
Corda (cordaí)	Trí nóta, de ghnáth, a dhéanann fuaim dheas. De ghnáth, bíonn nótaí 1, 3 agus 5 i gceist.
An croisín 	Nóta dubh le cos air – tá buille amháin aige.
An cumadóir/An chumadóireacht	An duine a scríobhann ceol. An próiseas a bhaineann le ceol a scríobh.
D	
Dinimic	Láidreacht na fuaime sa cheol. Bíonn ceol ciúin agus uaireanta eile bíonn sé láidir.
An dordeochair 	An chomhartha a thagann ag tús píosa ceoil scríofa, a léiríonn go bhfuil nótaí ísle i gceist.
E	
Eochair na tribile 	An chomhartha (cosúil le G casta ealaíonta) ag tús píosa ceoil scríofa, a léiríonn go bhfuil nótaí arda i gceist.
F	
An fonn/An tséis/ An tiúin	Na nótaí arda agus ísle atá eagraithe ar bhealach a bhfuaimníonn go deas. Canann daoine an fonn i bpíosa ceoil. Tugaimid séis nó tiúin mar ainm freisin.
An fhuaim	An rud a chloiseann tú.
An frása (An mhír)	An méid den fhonn (séis/tiúin) a chanann tú in aon anáil amháin. Go minic bíonn 4 bharra i gceist.
Fuaimniú 	An bealach ina seinnimid nótaí faoi leith sa cheol, m.sh. go gearr, le béim, go mín agus mar sin de.
G/H	
Géar 	Comhartha # a chuirimid roimh nóta, chun an nóta a ardú leathchéim.
Gléas	Litirainm an nóta <i>dó</i>
Gléaschomhartha 	Líon na # nó b ag tús gach líne cheoil, a léiríonn an áit a bhfuil <i>dó</i> .
I/J/K	
L	
Leathlán 	Nóta bán, cosúil le ciorcal. Tá ceithre bhuille aige.
L	
Leath-thon	An spás is lú idir dhá nóta ar mhéarchlár.
Luas/Tempo	Cé chomh tapa nó mall is a théann píosa ceoil. Tugaimid tempo mar ainm air freisin.

LEABHRÁN TÉARMAÍ




M	
Maol 	Comhartha ♭ a chuirimid roimh nóta chun a léiriú gur gá an nóta sin a ísliú leathchéim.
Minim 	Nóta bán le cos air – tá dhá bhuille aige.
N	
Nodaireacht	Ceol scríofa 
O	
P/Q	
R	
Anraon/Anréimse	An spás idir an nóta is airde agus an nóta is ísle i bpíosa ceoil.
An rithim	Fad na nótaí i bpíosa ceoil.
S	
Scála	8 nóta a sheinnimid tar éis a chéile, in ord, mar a bheadh dréimire ó dó go dó.
An sólfá tonach	Na hainmneacha <i>dó, ré, mí, fá, só, lá, tí, dó</i>
An stíl/An seánra	An faisean faoi leith a bhaineann le píosa ceoil, m.sh. popcheol, ceol rac, ceol clasaiceach.
An struchtúr/ An fhoirm	Leagan amach na bhfrásaí in amhrán, nó leagan amach na dtéamaí i bpíosa ceoil níos mó. Taispeánann an struchtúr (nó an fhoirm) athdhéanamh, más ann dó, m.sh. ABBA
T	
Tionlacan	Ceol cúlra a thugann tacaíocht don tséis.
Ton	Dhá leath-thon. Spás idir nótaí atá i gceist.
Tonúlacht	Más é <i>dó</i> an nóta is láidre i bpíosa ceoil, deirimid go bhfuil tonúlacht mhór aige. Más é <i>lá</i> an nótaí is láidre, deirimid go bhfuil tonúlacht mhion aige. I gcás ceol traidisiúnta, is minic a bhíonn nóta eile an-láidir agus deirimid go bhfuil tonúlacht mhódúil aige.
U/V/W/X/Y/Z	
An uigeacht	Saibhreas fuaimne i bpíosa ceoil. B'fhéidir go mbeadh fuaim lán, nó tanaí ag an gceol. Mura bhfuil ann ach séis amháin, deirimid go bhfuil sé monafónach . Má tá séis agus tionlacan ann, deirimid go bhfuil sé homafónach . Má tá páirteanna éagsúla ann, iad ar chomhthábhacht, mar a bheadh i rothlam, deirimid go bhfuil uigeacht ioilfónach aige.
An uirlis	An rud a sheinneann ceoltóir chun ceol a dhéanamh.

Corpoideachas









An Corpoideachas (fir)	Sampla	Míniú ar an riail ghramadaí
An tuiseal ainmneach / cuspóireach	Is maith liom an corpoideachas .	Níl aon séimhiú ar an corpoideachas mar gur ainmfhocal frinscneach é.
An tuiseal tabharthach 	Tá lúí agam leis an gcorpoideachas .	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta .
	Tá lúí agam leis an chorroideachas .	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta .
An tuiseal ginideach	Is í an tsláinte aidhm an chorroideachais .	Athraíonn an corpoideachas go dtí an chorroideachais sa tuiseal ginideach. Cuirimid séimhiú ar an gcéad chonsan agus déanaimid deireadh an fhocail caol, cuirimid i isteach. Sampla eile, an cás > tús an cháis .







EOCHAIRFHOCAIL DON CHORPOIDEACHAS

A	
Amú 	Briathar a chuireann síos ar thomhas a dhéanamh ar an méid ama a thógann sé chun scil nó tasc a dhéanamh taobh istigh d'am oiriúnach.
B	
Brú Aníos 	Úsáid a bhaint as matáin na lámh chun an brollach a bhrú síos i dtreo an talaimh agus ar ais arís.
C	
Cabhail (aclaíocht chabhlaigh) 	Corp an duine gan an ceann ná na géaga. Ciallaíonn aclaíocht chabhlaigh neartú na matán i lár do choirp, timpeall ar do bholg.

LEABHRÁN TÉARMAÍ



C (ar lean)	
Cinéistéiseach (gluaiseacht chinéistéiseach)	Úsáid a bhaint as na matáin agus na cnámha chun gluaiseacht choirp a chur i bhfeidhm.
Ciorcad 	Seit gníomhaíochtaí coirp a dhéanamh i ndiaidh a chéile in am faoi leith.
An cliathán	Spás ar an bpáirc imeartha in aice leis an taobhlíne.
An cliathrás 	Rás ina léimeann an lúthchleasaí thar chliatha agus é/í ag rith.
Colpa 	An áit ar chúl do choise idir do ghlúin agus do rúitín. Tá matáin an cholpa anseo.
Corpoideachas	Ábhar scoile ina bhfoghlaímíonn scoláirí conas aire a thabhairt don chorp trí spóirt agus gníomhaíochta éagsúla a dhéanamh.
Crágshnámh cúil agus tosaigh 	Teicníc shnámhanna ina snámhann an snámhaí chun tosaigh lena aghaidh ag breathnú síos san uisce nó suas i dtreo na spéire.
Cruinneas	Scil a chomhlíonadh tríd an sprioc a bhaint amach.
D	
E	
Eitpheil 	Spórt ina mbuaileann imreoir liathróid thar líontán ag baint úsáid as na lámha.
F	
An freastal/An tseirbhís 	An chéad bhuille den liathróid i gcluiche cúirte.
Freasúra	An t-imreoir nó an fhoireann eile i gcomórtas.
An frithionsaí	Ionsaí tapa a thosú nuair a chailleann an fhoireann/imreoir eile seilbh.

LEABHRÁN TÉARMAÍ




G/H	
<p>Gróigeadh</p> 	<p>Gluaiseacht choirp ina n-íslítear cúl na gcos anuas agus ar ais suas go smachtaithe.</p>
I/J/K	
L	
<p>Lámhsheasamh</p> 	<p>Gluaiseacht choirp ina mbíonn an corp bunoscionn i líne dhíreach, ag baint úsáid as na lámha chun meáchan an choirp a thógáil, agus fanacht mar sin.</p>
<p>Luasghéarú</p>	<p>Éirí níos tapúla.</p>
M/N/O/P/Q	
R	
<p>Ráib</p> 	<p>Rith chomh tapa agus is féidir. Go minic, déanaimid ráib ag deireadh rás níos faide.</p>
<p>Rás Sealáiochta</p>	<p>Rás foirne ina ngluaiseann lúthchleasaí amháin ag an am. Is minic a bhíonn bata le tabhairt don chéad duine eile.</p>
<p>Rothchasadh/ Cleas an Rotha</p> 	<p>Gluaiseacht choirp ina gcasann duine bunoscionn go taobhach, na lámha ag tógáil mheáchan an choirp. Críochnaíonn an duine ina sheasamh.</p>
S	
<p>An tsaorstíl</p>	<p>Damhsa gan stíl faoi leith.</p>
<p>Seánra</p>	<p>Stíl nó saghas ceol áirithe don damhsa.</p>
<p>Seilbh</p> 	<p>Smacht ag foireann/imreoir ar an liathróid i rith cluiche.</p>
<p>Siméadrach</p>	<p>Gluaiseacht a chruthaíonn an cruth céanna ar dheis agus ar chlé.</p>
<p>Sraith</p>	<p>Seit gluaiseachtaí agus scileanna i ndiaidh a chéile.</p>
<p>Suí Aniar</p> 	<p>Gluaiseacht a thosaíonn agus tú i do luí, suíonn tú suas agus ansin titeann an cloigeann agus uachtar an choirp siar, ag baint úsáid as matáin na cabhlach chun an ghluaiseacht a smachtú.</p>

Eacnamaíocht Bhaile









An Eacnamaíocht Bhaile (bain)	Sampla	Míniú ar an riail ghradaí
An tuiseal ainmneach / cuspóireach	Is maith liom an eacnamaíocht bhaile .	Níl séimhiú ná urú roimh ghutaí ar ainmfhocail bhaininscneacha. Cuirimid h ar baile = bhaile , mar go bhfuil eacnamaíocht baininscneach.
An tuiseal tabharthach 	Tá taithí agam ar an eacnamaíocht bhaile .	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
	Tá taithí agam ar an eacnamaíocht bhaile .	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiseal ginideach	Leabhar eacnamaíocht bhaile Leabhair eacnamaíocht bhaile	Má tá ainmfhocal uatha nó iolra roimh eacnamaíocht bhaile , fanann eacnamaíocht bhaile mar atá sé.







EOCHAIRFHOCAIL DON EACNAMAÍOCHT BHAILE

A	
Aclaíocht Nóta Cruinnis Ag déanamh aclaíochta (An tuiseal ginideach uatha)	Spórt nó gníomhaíocht a dhéanamh m.sh. rith, snámh. 
Ainéime	Galar a fhaigheann duine, mura bhfuil a dhóthain iarainn aige/aici. Is iad na siomptóim ná tuirse, cuma meathbháin, tinneas cinn.
Aiste bia (Réim bia) 	An bia a itheann duine gach lá.
Athchúrsáil Nóta Cruinnis Bosca athchúrsála (An tuiseal ginideach uatha)	Fáil réidh le bruscar go cúramach, ionas gur féidir rud eile a dhéanamh as. 






LEABHRÁN TÉARMAÍ

B	
<p>Béile milis</p> 	<p>Béile le go leor siúcra ann. Is minic a bhíonn milseoga an-mhilis, m.sh. cáca seacláide.</p>
<p>Béile neamh-mhilis</p> 	<p>Béile gan mórán siúcra. Is minic a bhíonn cúrsa tosaigh agus príomhchúrsa neamh-mhilis, m.sh. anraith glasraí nó curaí sicín.</p>
C	
<p>Ceardaíocht</p> 	<p>Scileanna teicstílí, m.sh. fuáil, cniotáil, bróidnéireacht.</p>
<p>Clár mionghearrtha</p>	<p>Bord beag ar a ngearrann tú bia.</p>
<p>Comhábhair</p>	<p>Na bianna atá ag teastáil chun béile a dhéanamh.</p>
<p>Cothaitheach</p> <p>Nóta Cruinnis Cothaitheach (uatha) Cothaitheach (iolra)</p>	<p>Tá ó chothaitheach ann: próitéin, saill, carbaihiodráití, vitimíní, mianraí agus uisce. Tá feidhmeanna tábhachtacha ag na cothaitheach sa chorp, m.sh. an príomhfheidhm atá ag próitéin ná fás agus deisiú na cealla.</p>
<p>Cothú</p>	<p>Na cothaitheach a fhaigheann daoine ó bhia.</p>
<p>Criathar</p> 	<p>Chun na cnapáin a bhriseadh síos i bplúr roimh bhácáil, cuirimid trí chriathar é.</p>
<p>Crúiscín tomhais</p> 	<p>Soitheach ar a bhfuil hanla agus gob - úsáidimid é chun leachtanna a thomhas.</p>
<p>Cuma</p>	<p>An tslí a bhféachann rud éigin.</p>
D	
<p>An dramhbhia (An fuilleach)</p> 	<p>An bia a bhíonn fágtha tar éis béile, nach féidir úsáid a bhaint as.</p>

LEABHRÁN TÉARMAÍ

D (ar lean)	
Dear (Briathar)	Rud éigin a phleanáil agus a scríobh/a chruthú, m.sh. Dear biachlár dhá chúrsa./Dear plean seomra.
E	
F	
Foinse bia 	An bia ina bhfuil cothaitheach ar fáil, m.sh. is foinse próitéine í an fheoil.
An fholláine 	Sláinte fhisiciúil agus sláinte mheabhrach an duine. Mothaíonn duine níos fearr nuair a thugann sé aire dá fholláine, m.sh. codladh 8 n-uair an chloig, aclaíocht a dhéanamh.
Fuáil Nóta Cruinnis An t-inneall fuála Scileanna fuála (An tuiseal ginideach uatha)	Is féidir fuáil láimhe a dhéanamh nó is féidir an t-inneall fuála a úsáid chun táirgí teicstílí a chruthú. 
Fuinneamh	Láidreacht nó cumhacht a ligeann dúinn rudaí a dhéanamh, m.sh. siúl, staidéar.
G	
Galar 	Tinneas. Bíonn duine tinn le galar. Déanann galar dochar don chorp, m.sh. COVID.
I	
Inbhuanaitheacht	An cumas rudaí a dhéanamh, nó a úsáid, a mhairfidh níos faide agus nach ndéanann a lán damáiste don timpeallacht, m.sh. buidéal in-athúsáide a úsáid in ionad buidéal plaisteach nua gach lá.
J/K/L/M	
M	
Measúnú 	Próiseas ina smaoiníonn tú ar na rudaí maithe agus na rudaí atá le feabhsú, m.sh. Ar thaitin an béile leat? An ndéanfá aon rud difriúil dá mbeifeá ag déanamh an bhéile seo arís?
Mias/Miasa 	Béile/Béilí


LEABHRÁN TÉARMAÍ

M (ar lean)	
Murtall (Otracht) Nóta Cruinnis Fadhb an mhurtaill (An tuiseal ginideach uatha)	Nuair atá méid mór saille sa bhreis ag duine. Baineann riosca de ghalair eile le murtall, m.sh. diaibéiteas cineál 2, fadhbanna croí, ailse.
N	
Nimhiú bia 	Nuair a itheann duine bia ina bhfuil baictéir dhainséaracha, m.sh. salmonella. Na siomptóim a bhaineann leis ná pian sa bholg, buinneach, caitheamh aníos.
Nósanna maireachtála	An tslí ina maireann daoine. Na rudáí a dhéanann siad go rialta, m.sh. bricfeasta a ithe.
O	
Oideas Nóta Cruinnis An t-oideas (Ainmfhocal firinsneach ag tosú le guta) Na hoidis (lolra)	Liosta comhábhar agus treoracha chun mias/béile a dhéanamh. 
P/Q/R	
S	
Sciar Nóta Cruinnis Sciartha (lolra)	Méid an bhia atá molta le hithe i mbéile, m.sh. is sciar amháin cáise é 25g (2 ordóg). 
Sláinteachas	Rudáí atá le déanamh sa chistin le cinntiú go bhfuil an bia sábháilte le hithe agus nach mbeidh aon duine tinn, m.sh. lámha a ní le huisce te agus gallúnach.
T	
An timpeallacht	An domhan timpeall orainn, m.sh. an t-aer, an nádúr, an fharraige.
An tomhaltóir 	Duine a cheannaíonn táirgí agus a úsáideann seirbhísí.
Traséilliú	Tarlaíonn traséilliú nuair a théann baictéir ó bhia amh go bia atá réidh le hithe. Tá seans go mbeadh duine tinn má itheann siad bia traséillithe.
Truailliú 	Rudáí nó salachar a dhéanann damáiste don timpeallacht, m.sh. bruscar caite timpeall na háite.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

U/V/W/X/Y/Z

Uigeacht an bhia



An tslí ina mothaíonn an bia, m.sh. bíonn brioscaí briosc, is féidir le hanraith a bheith uisciúil nó feoil a bheith righin.

Téarma




Míniú

Ealaín









An Ealaín (bain)	Sampla	Míniú ar an riail ghramadaí
An tuiséal ainmneach/ cuspóireach	Is maith liom an ealaín .	Níl séimhiú ná urú ar an ealaín mar go dtosaíonn an t-ainmfhocal le guta.
An tuiséal tabharthach 	Tá mé go maith ag an ealaín . Tá mé go maith ag an ealaín .	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta. Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiséal ginideach	Stair na healaíne	Focal baininscneach sa dara díochlaonadh is ea ealaín . Sa ghinideach athraíonn an t-alt ó an go na roimh an bhfocal, agus cuirimid h roimh an nguta atá ag tús an ainmfhocail. Agus mar a tharlaíonn le gach ainmfhocal baininscneach sa díochlaonadh seo sa ghinideach, críochnaíonn an t-ainmfhocal le e .




EOCHAIRFHOCAIL DON EALAÍN

A	
Aontacht (prionsabal ealaíne)	An chothromaíocht idir na gnéithe éagsúla sa saothar. 
B	
Béim (prionsabal ealaíne)	Gné a sheasann amach i gcomparáid leis na gnéithe eile sa saothar. 
C	
Codarsnacht (prionsabal ealaíne)	Gnéithe nach bhfuil cosúil le chéile in aice a chéile, m.sh. gnéithe áirithe den solas ar chúlra dorcha.
Comhdhéanamh	An bealach ina n-oibríonn na gnéithe ar fad den ealaín le chéile i saothar ealaíne.
Cruth 	Líne a théann thart ar spás déthoiseach. Ceann de 7 ngné na healaíne.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

C (ar lean)	
Cruth geoiméadrach 	Líne thart ar achar matamaiticiúil, rialta.
Cruth orgánach 	Líne thart ar achar nádúrtha.
Cúlra (prionsabal ealaíne)	Na rudaí atá i bhfad uainn san íomhá.
D	
Dath	Mar a fheiceann an tsúil an solas nuair a bhuaileann solas an íomhá. Ceann de 7 ngné na healaíne.
Dath comhlántach	Dathanna atá ar an taobh urchomhaireach (eile) de chiorcal na ndathanna. 
Dath analógach	Dathanna atá in aice le chéile ar chiorcal na ndathanna. 
Dath príomha	Bundath nach féidir a laghdú ná a bhriseadh suas, gorm, dearg, buí.
Dath tánaisteach	Meascán de dhá bhundath. Oráiste (flannbhuí): dearg agus buí, glas: buí agus gorm, corcra: dearg agus gorm.
Dath treasach	Meascán de thrí bhundath.
E	
Éagsúlacht (prionsabal ealaíne)	Go leor rudaí difriúla sa saothar.
F	
Fíor 	Spás tríthoiseach. Ceann de 7 ngné na healaíne.
G/H	
Gluaiseacht (prionsabal ealaíne)	Úsáideann ealaíontóir é seo chun súile an duine a threorú timpeall an phictiúir. Tá cuma ar an rud sa phictiúr go bhfuil sé ag bogadh.
I/J/K	
L	
Léaslíne 	Fíor na spéire nó líne a théann trasna.
Líne	Ceann de 7 ngné na healaíne. Pointe ag gluaiseacht i spás.
Líne ingearach	Líne a théann suas nó síos ón léaslíne.
Líne chothrománach	Líne atá chothrománach leis an léaslíne. _____
Líne trasnánach	Líne a théann trasna na híomhá. /

LEABHRÁN TÉARMAÍ



L (ar lean)	
Líne chuar/ chuartha	Líne ina bhfuil stua ciorclach. 
Líne fhiarlánach 	Líne nach mbogann go díreach i dtreo amháin, ach a bhogann go rialta nó go neamhrialta ó thaobh amháin go taobh eile sa treo sin.
Luach	Cé chomh geal nó dorcha is atá ton na híomhá. Ceann de 7 ngné na healaíne.
M	
Meánraon/ Meánra (prionsabal ealaíne)	Gach rud atá le feiceáil i lár an spáis atá cruthaithe, idir an cúlra agus an tulra.
N	
O	
P/Q	
R	
Rithim (prionsabal ealaíne)	Tá rithim i bpictiúr nó i ndealbh chun gluaiseacht a léiriú
S	
Spás	Achar déthoiseach nó tríthoiseach. Ceann de 7 ngné na healaíne.
Spás diúltach	An t-achar idir míreanna i bpictiúr.
Spás deimhneach	An t-achar sna míreanna i bpictiúr.
T	
Tulra (prionsabal ealaíne) 	Gach rud atá le feiceáil in aice linn, nó chun tosaigh, san íomhá den spás atá cruthaithe.
U/V/W/X/Y/Z	
Uigeacht	Cé chomh mín nó garbh is atá dromchla. Ceann de 7 ngné na healaíne.

Eolaíocht






An Eolaíocht (bain)	Sampla	Míniú ar an riail ghramadaí
An tuiséal ainmneach / cuspóireach	Is maith liom an eolaíocht .	Níl séimhiú ná urú ar an eolaíocht mar go dtosaíonn an t-ainmfhocal le guta.
An tuiséal tabharthach 	Tá a lán le foghlaim ón eolaíocht .	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
	Tá a lán le foghlaim ón eolaíocht .	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiséal ginideach	Is í bunchloch na heolaíochta í	Focal baininsneach sa tríú díochlaonadh is ea eolaíocht . Sa ghinideach athraíonn an t-alt ó an go na roimh an bhfocal, agus cuirimid h roimh an nguta atá ag tús an ainmfhocail. Agus mar a tharlaíonn le gach ainmfhocal sa díochlaonadh seo sa ghinideach, críochnaíonn an t-ainmfhocal le a .






EOCHAIRFHOCAIL DON EOLAÍOCHT

A	
Athróg	Luach ar féidir athrú teacht air nó luach is féidir leat a athrú.
B	
Bitheolaíocht 	An staidéar ar nithe beo.
C	
Ceimic 	Scrúdú nó staidéar ar na hábhair atá le fáil sa nádúr – dúile agus móilíní - agus na hairíonna atá acu.

LEABHRÁN TÉARMAÍ


C (ar lean)	
Cill/ (na cealla) 	An t-aonad oibre is lú in orgánach. Tá gach orgánach beo déanta suas de chealla.
Cóimheastóir	Úsáidimid an cóimheastóir i dtríail chun comparáid a dhéanamh.
D	
Damhna	Aon rud a líonann spás agus a bhfuil mais aige.
Dóire Bunsen 	Gaireas a úsáidimid sa tsaotharlann chun rudaí a théamh.
Dúil (na dúile)	Substaint nach féidir a bhriseadh síos go substaint níos simplí, m.sh. copar. Tá na dúile ar fad liostaithe sa Tábla Peiriadach.
E	
Earraí Gloine 	Na gairis déanta de ghloine, a úsáidimid sa tsaotharlann i gcomhair turgnamh.
Eascra 	Earra gloine ina gcuirimid leacht. Úsáidimid go rialta sa tsaotharlann iad.
Eolaí/eolaithe (na heolaithe) 	Duine a dhéanann staidéar agus taighde ar ghné den eolaíocht, chun iarracht a dhéanamh ar mhíniú cruinn a thabhairt ar an tslí ina n-oibríonn an domhan.
F	
An fhisic 	Staidéar ar thréithe fisiceacha ábhar, m.sh. luas, meáchan, toirt.
Fuinneamh 	Láidreacht nó cumhacht a ligeann dúinn rudaí a dhéanamh, m.sh. siúl, staidéar.
G	
Gaireas/na gairis	An trealamh a úsáidimid in obair phraiticiúil sa tsaotharlann.
H	
Hipitéis	Buille faoi thuairim oillte.
I/J/K	
Imoibriú ceimiceach	Athrú ina gcruthaítear substaint nó substaintí nua, m.sh. tarlaíonn meirgiú nuair a thagann ocsaigin agus uisce i dteagmháil le hiarann.
Imscrúdú	Turgnamh a ndéanann tú féin pleanáil/dearadh air – ní bhíonn an toradh ná an modh ar eolas agat ón tús.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

L	
An lasair/ An bhladhm/ An bladhaire 	An chuid fheiceálach de thine. Bíonn lasair le feiceáil ó dhóire Bunsen agus é ar siúl.
M	
An modh eolaíoch	Sraith céimeanna a leanaimid chun eolas a aimsiú nó chun hipitéis a thástáil.
Móilín	2 adamh nó níos mó nasctha le chéile go ceimiceach, m.sh. tá móilín uisce déanta suas de 2 adamh hidrigine agus adamh amháin ocsaigine.
N	
O	
Obair Phraiticiúil 	An obair a dhéanaimid sa tsaotharlann, ag úsáid gaireas saotharlainne chun turgnamh nó imscrúdú a dhéanamh.
Orgánach	Rud atá beo.
P/Q	
R	
S	
Sainaitin	Aithin patrúin, fíricí nó sonraí agus tabhair freagra ó roinnt féidearthachtaí.
An tsaotharlann 	An seomra ina mbíonn obair phraiticiúil nó turgnaimh ar siúl ag eolaithe.
Sábháilteacht	Céimeanna áirithe a thógaimid sa tsaotharlann chun dainséar nó gortú nó damáiste a sheachaint.
Na sonraí	An t-eolas a bhailimid ó thurgnamh/imscrúdú.
Speaclaí Cosanta 	Speaclaí a chaithimid sa tsaotharlann chun na súile a chosaint ó dhamáiste nó gortú.
T	
An Tábla Peiriadach	Liosta de na dúile ar fad. Seans go bhfuil póstaer den Tábla Peiriadach crochta sa tsaotharlann scoile. 
Toirt	An méid spáis a líonann rud éigin.
Tomhas	Uirlis/gaireas faoi leith a úsáid chun méid nó cainníocht ruda a fháil amach, m.sh. líne dhíreach a thomhas le rialóir.



Folláine/OSPS

An Fholláine (bain)	Sampla	Míniú ar an riail ghramadaí
An tuiseal ainmneach / cuspóireach	Is maith liom an fholláine .	Is ainmfhocal baininscneach i folláine , mar sin tá séimhiú ar an fholláine .
An tuiseal tabharthach 	Tá tábhacht faoi leith leis an bhfolláine .	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + 'an' gan aon rud roimh ghuta.
	Tá tábhacht faoi leith leis an fholláine .	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an gan aon rud roimh ghuta.
An tuiseal ginideach	Saol na folláine .	Focal baininscneach sa cheathrú díochlaonadh is ea folláine . Sa ghinideach athraíonn an t-alt ó an go na roimh an bhfocal, ach ní chuirimid séimhiú ná urú ar an gcéad chonsan ina dhiaidh sin. Agus mar a tharlaíonn le gach ainmfhocal sa díochlaonadh seo sa ghinideach, ní thagann aon athrú ar litriú an fhocail.

Folláine – an cumas (ábaltacht) atá ionainn mothú go maith (**a bheith sona**) agus feidhmiú go héifeachtach (**rudaí a dhéanamh** – obair scoile / scíth a ligean / caidreamh a bheith againn le daoine eile / caithimh aimsire).



Seanfhocail

Chomh folláin le breac – duine atá an-fholláin, nó an-sláintiúil, go deo.






Is fearr an tsláinte ná na táinte – tá sé níos fearr a bheith sláintiúil ná a bheith saibhir.

Is fearr cairde ná ór – tá cairde níos luachmhaire dúinn ná airgead/ór.

EOCHAIRFHOCAIL DON FHOLLÁINE

A	
Acláí 	A bheith láidir agus sláintiúil i do chorp, i d'intinn, i do shaol sóisialta agus i do shaol spioradálta.
Aireachas 	A bheith in ann d'aird a dhíriú ar an am i láthair, a bheith feasach ort féin – ar d'análú, do thimpeallacht, ar na rudaí atá ag tarlú timpeall ort. Cleachtaimid aireachas agus éiríonn sé níos éasca de réir a chéile.
Aosacht	A bheith i do dhuine fásta.

LEABHRÁN TÉARMAÍ



A (ar lean)	
Athléimneacht / Teacht aniar	A bheith in ann déileáil le dúshlán an tsaoil, a bheith in ann cabhair a lorg agus a bheith ar an eolas faoi conas í a lorg, a bheith in ann creidiúint ionat féin. A bheith in ann tosú arís mura n-éiríonn leat an chéad uair.
B	
Bainistíocht ama	Do chuid ama a eagrú ar bhealach chun go mbeidh tú in ann tabhairt faoi gach rud is gá duit a dhéanamh, m.sh. clár ama a chur le chéile.
Bulaí / (na bulaithe)	Duine nó grúpa daoine a chuireann isteach ar dhuine eile go leanúnach.
Bulaíocht / Maistíneacht/ Tromaíocht	Iompar ionsaitheach, nach bhfuil ag teastáil uait, a tharlaíonn arís is arís eile. Tá saghsanna difriúla bulaíochta ann – bulaíocht bhéil, bulaíocht mhothúcháinach nó bulaíocht fhisiciúil. Tarlaíonn bulaíocht ag aon aois agus in aon áit.
	
C	
Caidreamh	Nasc nó ceangal idir beirt nó níos mó, agus mar a chaitheann siad lena chéile.
Cairdeas	An caidreamh idir cairde, ina mbíonn gá le meas agus tacaíocht.
	
Caithreachas	An t-am a dtagann athrú ar do chorp. Athraíonn do chorp, thar thréimhse de roinnt blianta, ó chorp linbh go corp fear óg nó bean óg.
	
Cara (na cairde)	Duine a thaitníonn leat, ar féidir brath air nó uirthi, is féidir libh tacú le chéile agus is féidir libh taitneamh a bhaint as an saol le chéile.
Cibearbhulaíocht	Bulaíocht a dhéantar ar líne.
	
Cibearshábháilteacht	Foghlaim conas a bheith sábháilte agus tú ar líne.
Conradh ranga	Comhaontú idir gach scoláire, agus an múinteoir, faoi conas meas a léiriú ar a chéile sa rang OSPS agus an saghas iompair a ghlactar leis sa rang.
Cumarsáid	Eolas, smaointe agus mothúcháin a chur in iúl, nó a mhalartú le daoine eile, ag baint úsáid as focail, fuaimeanna, comharthaí, siombailí nó gníomhartha.
	
D	
E	
F	
Féachadóir(í)	Duine nó daoine a fheiceann bulaíocht, nó a bhfuil a fhios acu go bhfuil bulaíocht ar siúl, ach a thugann neamhaird ar an mbulaíocht sin.
Feasacht	A bheith ar an eolas faoi rud faoi leith.
Féinbhainistíocht	Tú féin a eagrú (do smaointe, do mhothúcháin agus d'iompar a rialú) ionas gur féidir leat do chuid spriocanna a bhaint amach.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

F (ar lean)	
Féiniúlacht	Na tréithe a bhaineann le duine, a indibhidiúlacht.
Féimheas 	An luach a chuireann tú ort féin, a bheith in ann na láidreachtaí agus na rudaí maithe fút féin a aithint agus a bheith bródúil astu.
G/H	
Gnáthamh	Bealach rialta chun rudaí a dhéanamh in ord ar leith – na rudaí a dhéanann tú gach lá / gach seachtain / gach mí agus mar a dhéanann tú iad.
Gníomhaíocht fhisiciúil	Gluaiseacht ar bith atá go maith don tsláinte, m.sh. siúl, rith, spórt, snámh, rince 
I/J/K	
Iarmhairt	An toradh nó an éifeacht a bhíonn ar rudaí a tharla níos luaithe.
ICÉ	I gCás Éigeandála
Iompar ionchuimsitheach	Glacadh le gach aon duine sa rang, ár ndifríochtaí a aithint, spás sábháilte a chruthú trí chonradh ranga a chur le chéile, a bheith cothrom le gach duine. 
L	
Leochaileach	Bíonn daoine leochaileach nuair a theastaíonn cúram, tacaíocht nó cosaint uathu, mar gheall ar a n-aois, ar mhíchumas nó ar bhaol neamairt nó drochúsáide.
M	
Machnamh 	Smaoineamh ar do smaointe – tuiscint a fháil ar conas a dhéanaimid smaoineamh agus conas ár smaointe a chur in iúl. A bheith in ann na ceistanna “cén fáth?” agus “conas?” a fhreagairt. Cabhraíonn sé dialann a choimeád agus a bheith buíoch as na rudaí atá againn.
Meas	Mothúchán dearfach a léiríonn an tábhacht a bhaineann le duine nó rud éigin.
N	
Neamhspleáchas	A bheith in ann tú féin a choimeád sábháilte agus tú ag déanamh rudaí duit féin – sa bhaile, ar an mbóthar, sa chibearspás agus mar sin de.
O	
Ógánach 	Déagóir nó duine óg.
P	
Piarbhrú	Nuair a chuireann daoine, atá ar comhaois leat, brú ort rudaí a dhéanamh a dhéanann siad féin, m.sh. má tá grúpa ó do rang ag caitheamh tobac agus iarrann siad ortsa é a dhéanamh freisin.
R	
Rúndacht 	Fanacht ciúin faoi rudaí pearsanta a roinneann scoláirí eile sa rang. Is spás sábháilte é an rang OSPS do gach scoláire, ach má tá baol ann do scoláire, caithfear an scéal a roinnt leis an bpríomhoide.

Fraincis



An Fhraincis	Sampla	Míniú ar an riail ghramádaí
An tuiseal ainmneach/ cuspóireach	Is maith liom an Fhraincis .	Tá séimhiú ar Fhraincis tar éis an ailt an , mar gur ainmfhocal baininscneach í. Is ainmfhocail bhaininscneacha iad ainmneacha na dteangacha go léir, seachas an Béarla. Tabhair faoi deara nach n-úsáidimid ceannlitreacha ar na teangacha i bhFraincis – le français, le gaélique, l'anglais .
An tuiseal tabharthach 	Tá tábhacht faoi leith leis an bhFraincis .	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
 	Tá tábhacht faoi leith leis an Fhraincis .	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiseal ginideach	Foghlaim na Fraincise.	Focal baininscneach sa dara díochlaonadh is ea Fraincis . Sa ghinideach athraíonn an t-alt ó an go na roimh an bhfocal, agus ní chuirimid aon athrú ar an gcéad chonsan. Agus mar a tharlaíonn le gach ainmfhocal baininscneach sa díochlaonadh seo sa ghinideach, críochnaíonn sé le e .

EOCHAIRFHOCAIL GHRAMADAÍ

An Ghaeilge	Le français	Sainmhíniú
A		
Abairt	une phrase	Bailiúchán focal, a oibríonn le chéile chun ciall a dhéanamh.
An aibítir	l'alphabet	Na litreacha ar fad a úsáidtear sa teanga.
An t-aiceann/ na haicinn	les accents	Comharthaí foghraíochta a bhíonn ar roinnt focal, m.sh. Hélène .
Aidiacht	un adjectif	Focal a dhéanann cur síos ar rud (ainmfhocal), m.sh. rouge, blanc, grand .
An aimsir chaite	le passé	Briathra a chuireann síos ar ghníomh atá déanta, mar shampla: avoir mis, avoir été .

LEABHRÁN TÉARMAÍ

A (ar lean)		
An aimsir fháistineach	le futur	Briathra a chuireann síos ar ghníomh a tharlóidh amach anseo, mar shampla: mettrai, serai, ira.
An aimsir láithreach	le présent	Briathra a chuireann síos ar ghníomh atá ag tarlú anois, m.sh. mis, vois, suis.
Alt (an t-alt)	un article	'an' nó 'na' – focail a thugann eolas níos cruinne ar ainmfhocal (le, la, les).
Ainmfhocal	un nom	Rud, áit nó ainm duine, m.sh. crayon, eau, Paris, François.
B		
Briathar	un verbe	Focal a chuireann gníomh in iúl, m.sh. promener, aller, chanter.
C		
Ceist	une question	Frása a úsáidtear chun eolas a lorg.
Clár bán	un tableau	An clár ar a scríobhann an múinteoir ag barr an tseomra.
Cónasc	une conjonction	Focal a nascann dhá abairt nó frása le chéile, mar shampla: agus, ach, má (et, mais, si)
Consan	une consonne	Litreacha san aibítir nach gutaí iad, agus a mbíonn bac de chineál ar an teanga iontu.
An cultúr	la culture	Nósanna agus luachanna a bhíonn ag sochaí ar leith.
D		
An dáta	la date	An lá sa bhliain atá ann. De ghnáth tugaimid lá, mí agus bliain.
Diúltach (an fhoirm dhiúltach)	la forme négative	An t-athrú a chuirtear i bhfeidhm chun abairt d'hearfach a dhéanamh diúltach, m.sh. ne (je ne vais pas).
Dobhriathar	un adverbe	Focal a chuireann síos ar bhriathar, mar shampla, go ciúin, go láidir (doucement, fort)
E		
F		
Focal	un mot	Fuaimeanna cainte nó grúpaí litreacha scríofa a bhfuil ciall áirithe leo
Foclóir	un dictionnaire	Leabhar ina liostaítear ciall na bhfocal in ord aibítreach.
Foclóir / Stór focal	le vocabulaire	Na focail a úsáidtear i dteanga ar leith.
Forainm	un pronom	Focal a úsáidimid in ionad ainm duine, nó ruda – mé, tú, seo, (je, tu, ce/cela/cette)
G/H		
An ghramadach	la grammaire	Rialacha a bhaineann le struchtúr agus leagan amach na teanga.
Guta	une voyelle	Litreacha nach mbíonn bac ar bith ar an aer dul tríd an mbéal agus iad á rá. a, e, i, o agus u .

LEABHRÁN TÉARMAÍ

I/J/K		
Inscne	le genre	(i) firinscneach (ii) baininscneach
Iolra	le pluriel	Níos mó ná rud amháin
L		
M		
An modh coinníollach	le conditionnel	Briathra a chuireann síos ar ghníomh a d'fhéadfadh tarlú, dá mbeadh rud éigin eile ann, mar shampla: j'irais, tu serais, il mettrait.
N		
O		
P		
An phonaíocht	le ponctuation	Comharthaí a chuidíonn linn ciall a bhaint as abairtí scríofa, m.sh. camóg, lánstad, comhartha ceiste.
R		
Réamhfhocal	une préposition	Focal a chuireann síos ar shuíomh ruda nó duine – ar, ag, faoi, as, (sur, à, sous, de/par)
S		
T		
Tuiseal	un cas	Leagan infhillte, nó athraithe, d'ainmfhocal. Tá cúig thuiseal sa Ghaeilge – ainmneach, cuspóireach, tabharthach, ginideach, gairmeach (le nominatif, l'accusatif, le datif, le génétif, le vocatif). Ní athraíonn ainmfhocal sna tuisil sa Fhraincis.
U/V/W/X/Y/Z		
Uimhir Uatha	le singulier	Rud amháin.
Uimhir/uimhreacha	un nombre/ les nombres	Focail nó siombail a sheasann do mhéid ar leith.
An Ghaeilge	Le français	Sainmhíniú



ABAIRTÍ ÚSÁIDEACHA

Gaeilge	Fraincis
Ní thuigim.	Je ne comprends pas.
Conas a deir tú i nGaeilge/bhFraincis?	Comment dit-on ... en français?
Conas a litríonn tú?	Comment écrit-on ...?
... is ainm dom.	Je m'appelle ...
Tá cónaí orm i/in/sa(i nDún na nGall)	J'habite à ... (Dún na nGall).
Tá mé ar scoil i (bPobalscoil na Gaeilge).	Je vais à l'école ...
Tá mé sa chéad bhliain.	Je suis en première année.
Tá mé dhá bhliain déag/trí bliana déag d'aois.	J'ai douze/treize ans.
An bhféadfá é sin a rá arís, le do thoil?	Est-ce que vous pourriez le répéter, s'il vous plait?
An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas?	Est-ce je peux aller aux toilettes?
Cén leathanach ar a bhfuil sé?	C'est à quelle page ?
Rinne mé dearmad ar...	J'ai oublié...



Gaeilge






An Ghaeilge (bain)	Sampla	Míniú ar an riaiil ghramadaí
An tuiseal ainmneach/ cuspóireach	Is maith liom an Ghaeilge .	Tá séimhiú ar Ghaeilge tar éis an ailt an , mar gur ainmfhocal baininscneach í. Is ainmfhocail bhaininscneacha iad ainmneacha na dteangacha go léir, seachas an Béarla.
An tuiseal tabharthach 	Tá scrúdú againn ar an nGaeilge inniu	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
 	Tá scrúdú againn ar an Ghaeilge inniu.	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiseal ginideach	Foghlaim na Gaeilge.	Tá Gaeilge baininscneach. Sa tuiseal ginideach, athraíonn an go na .


EOCHAIRFHOCAIL GHRAMADAÍ & LITRÍOCHTA

An Ghaeilge	Sainmhíniú
A	
Abairt	Bailiúchán focal, a oibríonn le chéile chun ciall a dhéanamh. Tosaíonn sé le ceannlitir agus críochnaíonn le lánstad.
Aidiacht	Focal a dhéanann cur síos ar rud (ainmfhocal), m.sh. buí, mór, crua, fada.
An aimsir chaite	Briathar a chuireann síos ar ghníomh atá déanta, mar shampla: chuir, bhí, chuaigh.
An aimsir fháistineach	Briathra a chuireann síos ar ghníomh a tharlóidh amach anseo, mar shampla: cuirfidh, beidh, rachaidh.
An aimsir láithreach	Briathra a chuireann síos ar ghníomh atá ag tarlú anois, mar shampla: cuireann, bíonn/tá, téann.
Ainmfhocal	Rud, áit nó ainm duine, m.sh. tábla, peann, scoil, baile, Séamus, Cití.
Aisteoir	An duine a léiríonn carachtar i ndráma ar stáitse nó ar scáileán.
Alt (an t-alt)	'an' nó 'na' - focail a thugann eolas níos cruinne ar ainmfhocal.
Atmaisféar	An mothú atá le sonrú agus téacs á léamh agat, m.sh. bagrach, áthasach, draíochta.
B	
Briathar	Focal a chuireann gníomh in iúl, m.sh. siúil, chuaigh, canfaidh, bí

LEABHRÁN TÉARMAÍ

C	
Carachtar 	Duine a ghlacann páirt i scéal an téacs.
Cónasc	Focal a nascann dhá abairt nó frása le chéile, m.sh. agus, ach, má.
Consan	Litreacha san aibítir nach gutaí iad, agus a mbíonn bac de chineál ar an teanga iontu, m.sh. l, m, p, s.
Cúlra	An scéal atá taobh thiar den téacs.
D	
Dán	Bailiúchán focal atá curtha le chéile le teicnící fileata ag file chun mothúchán a léiriú agus ábhar a phlé
Dobhriathar	Focal a chuireann síos ar bhriathar, m.sh. go ciúin, go láidir.
Dráma	Téacs fada atá léirithe ar stáitse.
Drámadóir 	Duine a scríobhann dráma.
E	
F	
Feisteas 	Na héadaí a chaitheann na carachtair ar stáitse.
File	Duine a chumann dánta.
Filíocht	Dán/dánta. Saothar litríochta ina mbíonn línte gearra go minic, agus ina bhfuil béim ar na mothúcháin agus na smaointe ann, de bharr stíl faoi leith a bheith in úsáid.
Forainm	Focal a úsáidimid in ionad ainm duine nó ruda, m.sh. mé, tú, mo, seo.
G/H	
Gearrscéal	Scéal gearr. Uaireanta bailíonn údar gearrscéalta le chéile i gcnuasach.
An ghramadach	Rialacha a bhaineann le struchtúr agus leagan amach na teanga.
Guta	Litreacha nach mbíonn bac ar bith ar an aer dul tríd an mbéal agus iad á rá, m.sh. a, e, i, o agus u.
I/J/K	
Inscne	(i) firinscneach (ii) baininscneach
Iolra	Níos mó ná rud amháin, m.sh. táblaí, scoileanna, crainn.
L	
M	
An modh coinníollach	Briathra a chuireann síos ar ghníomh a d'fhéadfadh tarlú, dá mbeadh rud éigin eile ann, mar shampla: chuirfeadh, bheadh, rachadh.
Mothúchán	An méid a bhraitheann tú agus téacs á léamh agat.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

N	
O	
P/Q	
Plota	Scéal an téacs.
Poncaíocht ! . ?	Comharthaí a chuidíonn linn ciall a bhaint as abairtí scríofa, m.sh. camóg, lánstad, comhartha ceiste.
R	
Reacaire	An duine a insíonn an scéal sa téacs. Uaireanta, insíonn duine de na carachtair an scéal.
Reacaireacht	Insint an scéil sa téacs.
Réamhfhocal	Focal a chuireann síos ar shuíomh ruda nó duine, m.sh. ar, ag, faoi, as.
S	
Scríbhneoir/údar	Duine a scríobhann úrscéal/gearrscéal nó píosaí eile litríochta.
Script	An dráma scríofa ar leathanach.
Stíl	An saghas teanga a úsáideann an t-údar.
Suíomh	An áit a bhfuil an dráma nó scéal lonnaithe.
T	
Téama	An príomhchoincheap sa téacs.
Tuairim	An méid a cheapann tú agus téacs á léamh agat.
Tuiseal	Leagan infhillte, nó athraithe, d'ainmfhocal. Tá cúig thuisseal sa Ghaeilge – ainmneach, cuspóireach, tabharthach, ginideach, gairmeach.
U/V/W/X/Y/Z	
Uimhir Uatha	Rud amháin, m.sh. duine, seomra, carr.
Úrscéal	Scéal fada i bhfoirm leabhair.
	
An Ghaeilge	Sainmhíniú


FOCAIL AGUS ABAIRTÍ ÚSÁIDEACHA

Gaeilge	
Ní thuigim.	Suigh síos! / Suígí síos!
Conas a deir tú i nGaeilge?	Éist! / Éistigí!
Conas a litríonn tú?	Scríobh! / Scríobhaigí!
.... is ainm dom. (Is mise ...)	Seomra ranga
Tá cónaí orm i/in/sa(i nDún na nGall)	Rang
Tá mé ar scoil i (bPobalscoil na Gaeilge).	Scoil / Coláiste / Pobalscoil
Tá mé sa chéad bhliain.	Léigh! / Léigí!
Tá mé dhá bhliain déag/trí bliana déag d'aois.	An bhfuil cead agam dul go dtí mo thaisceadán/locar/chealltán?
An bhféadfá é sin a rá arís, le do thoil?	Rinne mé dearmad ar an bhfocal sin.
An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas?	Tá brón orm.
Cén obair bhaile atá againn?	Níor thuig mé an obair bhaile.
Bhain mé an-sult as an dán sin.	Bhain mé sult as an úsáid a bhain an stiúrthóir as soilse agus feisteas.
Mholfainn an t-úrscéal sin do gach duine.	Bhí go leor gnéithe greannmhara sa scannán seo.
Úsáideann an t-údar/file friotal oiriúnach chun a p(h)ointe a chur ina luí orainn.	Is láidir éifeachtach an cur síos a thugann an t-údar/file ar an nádúr.
Tá an príomhcharachtar an-suimiúil.	Is scéal spleodrach é an gearrscéal seo.
Is é an grá/an bás/an óige téama an dáin/scéil seo.	Is mhaith liom dán eile leis an bhfile seo a léamh.
Ní dheachaigh plota an scéil seo i bhfeidhm orm ar chor ar bith.	Úsáideann an t-údar/file meafair éagsúla tríd an scéal/dán ar fad.



Gearmáinis



An Ghearmáinis (bain)	Sampla	Míniú ar an riail ghramadaí
An tuiseal ainmneach / cuspóireach	Is maith liom an Ghearmáinis .	Tá séimhiú ar an Ghearmáinis mar gur ainmfhocal baininsneach i . Tá gach teanga (seachas an Béarla) baininsneach.
An tuiseal tabharthach 	Tá scrúdú againn ar an nGearmáinis inniu.	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an - gan aon rud roimh ghuta.
	Tá scrúdú againn ar an Ghearmáinis inniu.	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiseal ginideach	Leabhar Gearmáinise.	Focal baininsneach sa dara díochlaonadh is ea Gearmáinis . Sa ghinideach athraíonn an t-alt ó an go na roimh an bhfocal, agus ní chuirimid aon athrú ar an gcéad chonsan. Agus mar a tharlaíonn le gach ainmfhocal baininsneach sa díochlaonadh seo sa ghinideach, críochnaíonn sé le e .

EOCHAIRFHOCAIL GHGRAMADAÍ

Gaeilge	Deutsch	Sainmhíniú
A		
Abairt	der Satz	Bailiúchán focal, a oibríonn le chéile chun ciall a dhéanamh.
Aidiacht	das Adjectiv	Focal a dhéanann cur síos ar rud (ainmfhocal), m.sh. groß, klein, schwer .
An aimsir chaite	die Vergangenheit	Briathar a chuireann síos ar ghníomh atá déanta, m.sh. ich bin gegangen .
An aimsir fháistineach	das Futur	Briathra a chuireann síos ar ghníomh a tharlóidh amach anseo, m.sh. ich werde gehen .
An aimsir láithreach	das Präsens	Briathra a chuireann síos ar ghníomh atá ag tarlú anois, m.sh. ich gehe, ich schreibe .
Alt (an t-alt)	der Artikel	`an' nó `na' focail a thugann eolas níos cruinne ar ainmfhocal. (das, die, der)
Ainmfhocal	das Nomen	Rud, áit nó ainm duine. Bíonn ceannlitir ar ainmfhocail sa Ghearmáinis i gcónaí, m.sh. Mann, Baum, Lehrer .
Ainmní	Subjekt	An duine nó rud a dhéanann an gníomh, m.sh. Der Mann spricht .

LEABHRÁN TÉARMAÍ



B		
An briathar	das Verb	Focal a chuireann gníomh in iúl – gehen, sein, singen.
Briathar scartha	trennbares Verb	Tá briathra áirithe sa Ghearmáinis, atá déanta suas de níos mó ná páirt amháin, agus is féidir an dá pháirt sin a scaradh ó chéile i gcásanna faoi leith, m.sh. hört zu! (zuhören)
C		
An cheannlitir	der Großbuchstabe	Tosaíonn gach ainmfhocal sa Ghearmáinis le ceannlitir: das Buch, die Musik, der Hund.
An cónasc	die Konjunktion	Focal a nascann dhá abairt nó frása le chéile, mar shampla: agus, ach, má (und, aber, wenn)
An consan	der Konsonant	Litreacha san aibítir nach gutaí iad, agus a mbíonn bac de chineál éigin ón teanga ar an aer agus iad á rá.
Cuspóir	Objekt	An duine/rud a ndéantar an gníomh air, m.sh. Der Mann sieht den Hund.
D		
An dobhriathar	das Adverb	Focal a chuireann síos ar bhriathar, mar shampla, go ciúin, go láidir (leise, kräftig)
E		
F		
An fhoirm ómóis	die Höflichkeitsform	Sa Ghaeilge, deirimid ‘tú’ le duine amháin i gcónaí. Sa Ghearmáinis, úsáidimid du le daoine ar chomhaois linn, le cairde agus le teaghlach; ach úsáidimid Sie le daoine fásta agus le strainséirí.
An forainm	das Pronomen	Focal a úsáidimid in ionad ainm duine, nó ruda – mé, tú, mo, seo, (ich, mich, mir; du, dich, dir; meiner, meine, meines, dieser, diese, dieses)
An forainm sealbhach	Possessivpronomen	mo, do, a, ár, bhur / mein, dein, sein, ihr, unser, euer, ihr. Athraíonn na forainmneacha sealbhacha sa Ghearmáinis ag brath ar inscne: mein Stift (fir)/ meine Tasche (bain)
G/H		
An ghramadach	die Grammatik	Rialacha a bhaineann le struchtúr agus leagan amach na teanga.
Guta	der Vokal	Litreacha nach mbíonn bac ar bith ar an aer dul tríd an mbéal agus iad á rá. a, e, i, o agus u.
I/J/K		
An inscne	das Geschlecht	(i) firinscneach (Maskulinum) (ii) baininscneach (Femininum), agus sa Ghearmáinis (iii) neodrach (das Neutrum)
I/J/K (ar lean)		
An t-íolra	der Plural	Níos mó ná rud amháin
L		

LEABHRÁN TÉARMAÍ






M		
An modh coinníollach	der Konditional	Briathra a chuireann síos ar ghníomh a d'fhéadfadh tarlú, dá mbeadh rud éigin eile ann, mar shampla: ich würde gehen.
N		
O		
Ord na bhfocal	Wortstellung	Tagann an briathar sa dara háit san abairt i gcónaí. De ghnáth, tagann an t-ainmní sa chéad áit. Má tá tagairt do rudaí eile san abairt, tagann siad san ord: uair, modh, áit / wann, wie, wo.
P/Q		
An phoncaíocht	die Interpunktion	Comharthaí a chuidíonn linn ciall a bhaint as abairtí scríofa, m.sh. camóg, lánstad, comhartha ceiste.
R		
An réamhfhocal	die Präposition	Focal a chuireann síos ar shuíomh ruda nó duine, m.sh. auf, an, unter, aus.
S		
T		
An tuiséal	der Fall	Leagan infhillte, nó athraithe, d'ainmfhocal. Tá cúig thuiséal sa Ghaeilge – ainmneach, cuspóireach, tabharthach, ginideach, gairmeach (der Nominativ, der Akkusativ, der Dativ, der Genetiv) Níl an tuiséal gairmeach sa Ghearmáinis.
An tuiséal ainmneach	der Nominativ	Tá an t-ainmní (an duine a dhéanann an gníomh) sa tuiséal ainmneach (der Nominativ). Der Mann ist zufrieden.
An tuiséal cuspóireach	der Akkusativ	Tá an cuspóir (an té a ndéantar an gníomh air) sa tuiséal cuspóireach (der Akkusativ), m.sh. Ich sehe den Vogel.
An tuiséal tabharthach	der Dativ	Bíonn ainmfhocal sa tabharthach nuair atá réamhfhocal roimhe, réamhfhocail faoi leith atá i gceist sa Ghearmáinis, m.sh. die Frau - mit der Frau. (Tógann roinnt ainmfhocal eile an Akkusativ sa Ghearmáinis).
An tuiséal ginideach	der Genetiv	Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile agus nasc eatarthu, cuirimid an dara hainmfhocal sa ghinideach, m.sh. Mann und Haus – der Mann des Hauses.
U/V/W/X/Y/Z		
Uimhir Uatha	der Singular	Rud amháin.












Grafaic Theicniúil

An Ghrafaic Theicniúil (bain)	Sampla	Míniú ar an rial ghradaí
An tuiseal ainmneach/ cuspóireach	Is maith liom an ghrafaic theicniúil .	Séimhiú ar an ghrafaic mar gur ainmfhocal baininscneach í. Séimhiú ar theicniúil mar is aidiacht é atá faoi réir ag an ainmfhocal baininscneach grafaic .
An tuiseal tabharthach 	Tá scrúdú againn ar an ngrafaic theicniúil inniu.	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an gan aon rud roimh ghuta.
	Tá scrúdú againn ar an ghrafaic theicniúil inniu.	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiseal ginideach	Scrúdú grafaic theicniúil.	Focal baininscneach sa dara díochlaonadh is ea grafaic . Ní chuirimid sa ghinideach é mar go bhfuil theicniúil ina dhiaidh.









EOCHAIRFHOCAIL DON GHRAFAIC THEICNIÚIL

A		
Aghaidhchló	Radharc ag féachaint ar aghaidh an chrutha. Glaoitear ingearchló air freisin.	
B		
Bonnchló	Radharc ag féachaint ar bharr an chrutha.	
C		
Comhlárnach (ciorcail chomhlárnacha)	An lár céanna ag dhá chiorcal.	
Cruth Neamhrialta	Cruth ina bhfuil sleasa nó uillinneacha ar thomhais dhifriúla.	
Cruth Rialta	Cruth ina bhfuil sleasa nó uillinneacha ar an tomhas céanna.	
D		
Déroinn	Líne nó uillinn a roinnt ina dhá leath.	
E		
Éalárnach (ciorcail éalárnacha)	Láir dhifriúla ag an dá chiorcal.	


LEABHRÁN TÉARMAÍ



F		
G/H		
Ga	An fad idir lárphointe agus imlíne an chiorcail.	
Géaruillinn	Uillinn níos géire ná 90° céim.	
I/J/K		
L		
Léirshamhlaigh	Cruthaigh pictiúr i d'intinn, ar leathanach, nó ar scáileán.	
Líne cheartingearach	Líne díreach suas agus anuas ag 90° céim.	
Líne chothrománach	Líne díreach trasna ag 180° céim.	
Líne chríochnaithe	Líne throm	
Líne dhofheicthe/bhriste	Líne a chuireann in iúl tomhaiseanna nach bhfuil soiléir nó nach féidir a fheiceáil.	
Líne theilgte	Líne éadrom a thógann tomhas ó áit amháin go háit eile.	
Líne thógála	Líne éadrom.	
Línte comhthreomhar	Línte a théann an treo nó an claonadh céanna.	
Línte dhronuilleacha (uillinn dhronuilleach)	Línte ar uillinn 90° céim.	
Línte ingearacha	Líne ar 90° céim leis an líne eile.	
M		
Maoluillinn	Uillinn níos mó ná 90° céim.	
N		
Normal	Líne ingearach le tadhlaí, a théann tríd an bpointe tadhail.	
O		

LEABHRÁN TÉARMAÍ


P/Q	
Pictiúr saorlámhe 	Pictiúr a tharraingíonn duine gan rialóir ná trealamh a úsáid.
Pointe tadhaill 	An pointe ag a mbuaileann an tadhlaí an cuar.
R	
Rindreáil 	Solas agus dorchadas a léiriú le dathanna.
S	
Scáthú 	Solas agus dorchadas a léiriú le peann luaidhe.
Slios 	Líne dhíreach atá mar thaobh ag cruth amhail triantán nó polagán.
T	
Tadhlaí 	Líne a bhuaileann cuar agus/ach nach ngearrann an cuar.
Taobhchló	Radharc ag féachaint i dtreo thaobh an chrutha.
Teilg	Tomhas a thógáil ó áit amháin go háit eile.
Trastomhas	An tomhas is faide idir pointí ar imlíne an chiorcail. ($Ga \times 2$)
	
U/V/W/X/Y/Z	
Uillinn athfhillteach 	Uillinn níos mó ná 180° céim.
Téarma	Míniú

Matamaitic




An Mata (fir) An Mhatamaitic (bain)	Sampla	Míniú ar an riail ghramadaí
An tuiséal ainmneach/ cuspóireach	Is maith liom an mata . Is maith liom an mhatamaitic .	Tá séimhiú ar an mhatamaitic mar gur ainmfhocal baininsneach í. Níl aon séimhiú ar an mata mar gur ainmfhocal firinsneach é.
An tuiséal tabharthach 	Tá scrúdú againn ar an mata inniu.	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
	Tá scrúdú againn ar an mhata inniu.	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiséal ginideach	Múineadh an mhata Múineadh na matamaitice	Focal firinsneach sa cheathrú díochlaonadh is ea mata . Focal baininsneach sa dara díochlaonadh is ea matamaitice .

EOCHAIRFHOCAIL DON MHATA

A	
Achar 	Líon na n-aonad cearnach (an spás) taobh istigh de chruth. 4cm^2
Aiceanta (uimhreacha aiceanta)	Na huimhreacha comhairimh ó 1 ar aghaidh, m.sh. 1, 2, 3, 4 .
B	
C	
Codán	Cuid áirithe de mhéid iomlán, m.sh. $\frac{3}{4}$, $\frac{1}{2}$
Corruimhir	Uimhir nach féidir a roinnt go cothrom ar a dó, m.sh. 3, 9, 15 .
Cumhacht	Siombail a léiríonn iolrú (faoin uimhir chéanna) líon áirithe uaireanta, m.sh. $3^2 = 9$.
D	
Deachúil	Uimhir ina bhfuil pointe deachúlach, m.sh. 3.4; 7.8 .
Dealú	Uimhir a bhaint ó uimhir eile, m.sh. $5 - 3 = 2$.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

D (ar lean)	
Deimhneach (Uimhir dheimhneach)	Uimhir atá níos mó ná náid, m.sh. 3, 678, 10,000 .
Difríocht	An difear (difríocht) idir dhá uimhir.
Diúltach (Uimhir dhiúltach)	Uimhir atá níos lú ná náid, m.sh. -4, -15 .
E	
F	
Fachtóir	Uimhir a théann isteach go cothrom in uimhir eile.
An fad	Cé chomh fada is atá pointe amháin ó phointe eile.
Fréamh chearnach	Uimhir a iolraítear fúithi féin leis an uimhir chearnach a thabhairt, m.sh. $\sqrt{25}=5$
G/H	
Graf	Léaráid a thaispeánann sonraí áirithe.
	
I/J/K	
Iolraí – iolraithe	An toradh nuair a iolraíonn tú uimhir faoi shlánuimhir eile, m.sh. 12 = 3 x 4
Iolrú/iolrúchán	Uimhir ar leith curtha leis an uimhir chéanna líon áirithe uaireanta. Léirimid é leis an tsiombail x , m.sh. 5 x 3 .
L	
An leithead	Cé chomh leathan is atá cruth.
M	
Measctha (Uimhir mheasctha)	Uimhir a bhfuil slánuimhir agus codán inti, m.sh. 2³/₄
N	
O	
P/Q	
Príomha (Uimhir phríomha)	Uimhir nach bhfuil ach dhá fhachtóir aici – an uimhir í féin agus uimhir a haon, m.sh. 5, 7, 13 .
R	
Ré-uimhir	Uimhir is féidir a roinnt go cothrom ar 2, m.sh. 4, 16, 28 .
Roinnt	Uimhreacha/rudaí a dheighilt. Léirimid é leis an tsiombail ÷
S	
Saighead	Siombail a léiríonn treo, m.sh. →
Slánuimhir	Uimhir dheimhneach nó dhiúltach nach codán ná deachúil í.
Suimiú	Uimhreacha nó rudaí a chur le chéile, m.sh. 4 + 6 = 10; 12 + 3 = 15 .
T	
An toradh	An freagra a fhaighimid nuair a iolraímid dhá shlánuimhir faoina chéile.
Triantán	Cruth a bhfuil 3 shlios air.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

U/V/W/X/Y/Z

Uimhirlíne

Líne a bhfuil uimhreacha marcáilte uirthi.





Téarma




Míniú

OSSP (OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL)










An tOideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (fir)	Sampla	Míniú ar an riail ghradaí
An tuiseal ainmneach/ cuspóireach	Is maith liom OSSP . Is maith liom an tOSSP . (Is maith liom an tOideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil .)	De ghnáth, deirimid na litreacha leo féin, seachas ainm iomlán an ábhair. Is ainmfhocal firinsneach é oideachas agus mar sin, téann t roimh ó tar éis an ailt an .
An tuiseal tabharthach 	Tá scrúdú againn ar an OSSP inniu.	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
	Tá scrúdú againn ar an OSSP inniu.	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiseal ginideach	Leabhar OSSP Leabhair OSSP	Níl aon ghá le hathruithe anseo.







EOCHAIRFHOCAIL DON OSSP

A		
Achainí 	Liosta fada ainmneacha sínithe, ag lorg beart nó athrú éigin.	
B		
Bulaíocht 	Iompar ionsaitheach gan iarraidh, a tharlaíonn go leanúnach, thar thréimhse ama. Is féidir le bulaíocht tarlú go fisiciúil nó go síceolaíoch.	
C		
Cibearbhulaíocht	Bulaíocht ar dhuine éigin ar líne – sampla de seo is ea postálacha maslacha ar na meáin shóisialta.	
Ciníochas 	Nuair a cheapann duine go bhfuil ciníocha nó grúpaí eitneacha áirithe níos fearr ná grúpaí eile.	

LEABHRÁN TÉARMAÍ

C (ar lean)	
Cinsireacht 	Smacht a choinneáil ar eolas, nó ar thuairimí, a bhfuil cead ag daoine teacht orthu, m.sh. cosc a chur ar leabhar nó scannán.
Coir in aghaidh na daonnachta 	Coir a dhéantar d'aon turas in aghaidh pobal sibhialtach ar bith, agus tarlaíonn fulaingt agus bás mar thoradh uirthi ar scála leathan.
D	
An Dáil 	Tionól d'ionadaithe tofa na hÉireann / príomh-pharlaimint na hÉireann. Tagann siad le chéile i dTeach Laighean, Baile Átha Cliath.
Dídeanaí / dídeanaithe 	Daoine ar gá dóibh a dtír féin a fhágáil, toisc nach bhfuil siad sábháilte ann.
Dínit dhaonna 	An meas atá gach duine i dteideal a fháil ó dhaoine eile
E	
Eitic	Prionsabail mhorálta a mbíonn tionchar acu ar iompar, gníomh agus cur chuige an duine.
F	
Freagracht / freagrachtaí	Rudaí ba chóir duit a dhéanamh, ach nach gcuirtear i bhfeidhm tríd an gcóras dlí.
G	
Géarleanúint 	A bheith an-chruálach le daoine mar gheall ar chine, ar reiligiún, ar pholaitíocht, ar inscne.
H	
Homafóibe 	Dímheas nó leithcheal ar dhaoine aeracha.
I/J/K	
Iarrthóirí tearmainn	Dídeanaithe a bhaineann tír shábháilte amach agus a dhéanann iarratas fanacht sa tír sin, tugaimid iarrthóirí tearmainn mar ainm orthu.

LEABHRÁN TÉARMAÍ



L	
Leochaileach (duine leochaileach)	Gan chosaint / i mbaol.
M	
Mianta 	Rudaí ba mhaith leat a bheith agat, ach ar féidir leat maireachtáil gan iad, m.sh. bróga reatha costasacha, teach saoire.
N	
Náisiún 	Pobal daoine a bhfuil ginealach, stair, tír nó teanga chomónta acu.
Náisiúntacht	An tír agus an pobal as a dtagann d'fhéiniúlacht féin.
O	
Oibleagáidí (dualgais)	Rudaí a chaithfidh tú a dhéanamh chun an dlí a leanúint.
P/Q	
Polaitíocht 	An córas a úsáidtear chun cumhacht agus cinnteoireacht a eagrú i dtír. Tá córas polaitíochta daonlathach againn in Éirinn, rud a chiallaíonn go gcaithimid vótaí ar son páirtithe polaitiúla nó ar son daoine aonair agus labhraíonn na grúpaí / daoine sin ar ár son sa pharlaimint agus iad ag plé dlíthe agus rialacha nua.
Príosúnaigh pholaitiúla	Daoine a chuirtear sa phríosún mar gheall ar a dtuairimí polaitiúla nó a ndearcadh polaitiúil.
Paraimíleatach / paraimíleataigh	Fórsaí míleata nach cuid d'arm oifigiúil tíre iad.
Pobalóir / Duine nó páirtí pobalach	Duine nó páirtí a chuireann dearcadh an ghnáthphobail chun tosaigh le tacaíocht a fhorbairt. 
R	
Reifreann 	Vóta ar cheist le freagra "tá/níl". Is féidir le saoránaigh os cionn ocht mbliana déag d'aois vóta a chaitheamh i reifreann. Is gá reifreann a chur ar bun chun an Bhunrecht a athrú.
Riachtanas/ riachtanais 	Rudaí a bhíonn de dhíth ort chun go mairfidh tú beo, m.sh. bia nó foscadh / dídean.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

S	
<p>Saoránach</p> 	<p>Is saoránach den tír seo tú. Tá cead ag saoránaigh a bheith ina gcónaí anseo, obair a dhéanamh anseo agus vóta a chaitheamh anseo. Tá cearta agus dualgais áirithe ort agus tú i do shaoránach Éireannach.</p>
<p>Socháí</p> 	<p>Pobal, náisiún nó grúpa leathan daoine a bhfuil ceangal, traidisiúin agus cultúr i bpáirt acu.</p>
<p>Soláthar díreach</p>	<p>Nuair is gá do dhaoine a thagann go dtí an tír seo a bheith ina gcónaí in ionaid le lóistín an-bhunúsach, gan áiseanna cócaireachta maithe agus iad ag fanacht ar stádas dídeanaí ó rialtas na hÉireann. Is féidir le daoine a bheith sáinnithe sa chóras seo ar feadh na mblianta.</p>
T	
<p>T.D. / Teachta Dála</p>	<p>Ionadaí poiblí atá ina bhall de Dháil Éireann (Parlaimint na hÉireann).</p>
<p>Caith do vóta!</p> 	<p>Vóta chun daoine a roghnú le hionadaíocht a dhéanamh ar do shon. Bíonn toghcháin áitiúla agus náisiúnta ann.</p>
<p>Trasfhóibe</p>	<p>Dímheas nó leithcheal ar dhaoine trasinscneacha.</p>
U/V/W/X/Y/Z	
<p>Vótáil</p> 	<p>Do thuairim a chur in iúl trí vóta a chaitheamh le linn toghcháin nó reifrinn.</p>
Téarma	Míniú

Reiligiún










An reiligiún (fir)	Sampla	Míniú ar an riail ghramadaí
An tuiseal ainmneach / cuspóireach	Is maith liom an reiligiún .	Ní chuirimid séimhiú ná urú ar fhocal a thosaíonn le r . Is ainmfhocal firinscneach é reiligiún .
An tuiseal tabharthach 	Is maith liom tabhairt faoin reiligiún .	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
	Is maith liom tabhairt faoin reiligiún .	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiseal ginideach	Leabhar reiligiúin	Ainmfhocal firinscneach sa chéad díochlaonadh is ea reiligiún .








EOCHAIRFHOCAIL DON REILIGIÚN

A	
Agnóiseachas 	Dearcadh atá ag duine atá idir dhá chomhairle maidir lena c(h)reideamh – níl sé/sí róchinnte an ann do Dhia nó nach ann.
Aindiachas 	Nuair nach gcreideann duine i nDia ar bith.
Áit adhartha	Áit bheannaithe a dtéann leantóirí chun a ngaol leis an reiligiún a neartú. De ghnáth, téann leantóirí ar oilithreacht ann.
Athmhuintearas 	Nuair a thagann réiteach ar chaidreamh, go háirithe caidreamh scríosta idir an duine agus Dia nó idir grúpaí reiligiúnacha.
B	
An Bíobla 	Téacs diaga/beannaithe na Críostaíochta.
Brí na beatha	Nuair a lorgaíonn an duine freagraí, fáthanna agus rudaí tábhachtacha a bhaineann leis an saol.

LEABHRÁN TÉARMAÍ



B (ar lean)	
an Búdachas 	Ceann de na mór-reiligiúin dhomhanda.
Búdaí/Búdaithe	Duine/daoine a leanann an Búdachas.
Bunaitheoir	Duine a bhunaigh reiligiún ar leith.
C	
Caoinfhuilngt 	Nuair a léirítear tuiscint ar chreidimh agus reiligiún daoine eile.
Cliseadh pobail 	Nuair a bhriseann an caidreamh idir daoine atá i bpobal creidimh.
Cód morálta	Na rialacha a bhaineann leis an reiligiún; na rudaí atá ceart agus mícheart dar leis an reiligiún.
Córán 	Téacs diaga/beannaithe loslam.
Creideamh	Muinín as an teagasc i reiligiún. Má tá creideamh agat, tá an reiligiún tábhachtach duit.
Críostaí/ Críostaithe	Duine/daoine a leanann an Chríostaíocht.
An Chríostaíocht 	Ceann de na mór-reiligiúin dhomhanda.
D	
Daonnachas / Daonnacháí 	Nuair nach bhfuil creideamh ag duine i nDia; faigheann an duine brí na beatha ó dhaoine eile agus ón domhan, seachas ó Dhia ná ón reiligiún.
Deasghnáth reiligiúnach 	Rud a dhéanaimid go rialta chun ócáid speisialta a cheiliúradh, m.sh. glacadh le comaoineach ag Aifreann sa Chríostaíocht; glanadh na lámh roimh ghuí in loslam (<i>wudu</i>).
Dialóg idirchreidmheach 	Iarracht ar an gcaidreamh idir reiligiúin éagsúla a fheabhsú agus a chaomhnú, trí chumarsáid oscailte rialta eatarthu.

E	
Éacúiméineachas 	Iarracht ar an gcaidreamh idir sainchreidimh éagsúla Críostaí a fheabhsú agus a chaomhnú trí chumarsáid oscailte rialta eatarthu.
Eispéireas saoil	An taithí a bhíonn agat ar an saol.
F	
Féilte reiligiúnacha	Ócáidí agus ceiliúradh speisialta ag baint le reiligiúin éagsúla, m.sh. Dibheálaí san Hiondúchas; an Cháisc sa Chríostaíocht; Eid-ul-Fitr in Ioslam.
G/H	
Giúdach / Giúdaigh	Duine/daoine a leanann an Giúdachas.
an Giúdachas 	Ceann de na mór-reiligiúin dhomhanda.
Hiondúch/ Hiondúigh	Duine/daoine a leanann an Hiondúchas.
an Hiondúchas 	Ceann de na mór-reiligiúin dhomhanda.
I/J/K	
Ildiachas	Creideamh i níos mó ná Dia amháin; baineann sé seo leis an Hiondúchas.
Ionad adhartha	Áit bheannaithe a dtéann lucht leanta lena ngaol leis an reiligiún a neartú. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina fhoirgneamh tábhachtach ag an reiligiún, m.sh. an tsionagóg sa Ghiúdachas, an mandir sa Hiondúchas, an teampall sa Bhúdachas. 
Ioslam 	Ceann de na mór-reiligiúin dhomhanda.
L	
Leanúnaí / leanúnaithe/lucht leanúna	Duine/daoine a leanann reiligiún ar leith.
M	
Maithiúnas 	Aspalóid a thabhairt do dhuine tar éis faoistine.
Maoirseacht	Nuair a léirítear meas ar gach rud ar domhan toisc gur bronntanas ó Dhia é; déantar iarracht aire a thabhairt do gach rud agus do gach duine dá bharr.
Moráltacht 	Na rudaí cearta agus míchearta a bhaineann leis an saol agus leis an reiligiún.

N (ar lean)	
Moslamach / Moslamaigh 	Duine/daoine a leanann Ioslam.
N	
Neamhreiligiúnach (dearcadh neamhreiligiúnach)	Nuair a nach bhfuil tionchar ag an reiligiún ar do thuairim faoi rud ar leith.
O	
Oilithreach 	Turas beannaithe go háit speisialta a bhaineann le reiligiún ar leith, m.sh. Meice mar oilithreach in Ioslam, Cruach Phádraig sa Chríostaíocht.
P/Q	
Paidir 	Focail a deirimid agus sinn ag caint le Dia.
Peaca	Drochrud a dhéanaimid a loiteann ár ngaol le Dia.
R	
Reiligiún – Na Cúig Mhór- reiligiún Dhomhanda	Na cúig reiligiún is mó a chleachtann daoine ar domhan – an Chríostaíocht, Ioslam, an Giúdachas, an Búdachas, an Hiondúchas. 
S	
Sainchreideamh 	Brainse/grúpa aitheanta i reiligiún amháin, m.sh. sa Chríostaíocht, is sainchreidimh iad an Protastúnachas agus an Caitliceachas Rómhánach.
Scéal bunaidh	An chaoi ar bunaíodh reiligiún ar leith.
Seicteachas	Nuair a bhíonn fuath idir grúpaí ar leith de bharr an reiligiúin atá acu.
Síocháin 	Nuair a bhíonn suaimhneas idir grúpaí reiligiúnacha, ní bhíonn aon teannas ná míshuaimhneas eatarthu.
Siombail/siombailí	Rudaí/réada/íomhánna ar leith a úsáidimid chun creideamh an duine a léiriú, m.sh. an chros sa Chríostaíocht, réalta Dháibhí sa Ghiúdachas.
Siosma	Scoilt idir dhá ghrúpa mar gheall ar dhifríochtaí reiligiúnacha.
Soiscéalaí / soiscéalaithe 	Scríbhneoir/scríbhneoirí tábhachtacha na Críostaíochta a scríobh na ceithre shoiscéal.
T	
Tanakh	Téacs diaga/beannaithe an Ghiúdachais.

Spáinnis



An Spáinnis (bain)	Sampla	Míniú ar an rial ghramadaí
An tuiseal ainmneach/ cuspóireach	Is maith liom an Spáinnis . Is maith liom Spáinnis .	Ní féidir urú ná séimhiú a chur ar fhocal a thosaíonn le sp . Is ainmfhocal baininscneach í Spáinnis cosúil le gach teanga eile, seachas Béarla .
An tuiseal tabharthach 	Tá lúí agam leis an Spáinnis .	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an gan aon rud roimh ghuta .
	Tá lúí agam leis an Spáinnis .	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta .
An tuiseal ginideach	Leabhar Spáinnise	Focal baininscneach sa dara díochlaonadh is ea Spáinnis . Críochnaíonn sé le e sa ghinideach.

EOCHAIRFHOCAIL GHRAMADAÍ

An Ghaeilge	Spáinnis	Sainmhíniú
A		
Abairt	Una frase	Bailiúchán focal, a oibríonn le chéile chun ciall a dhéanamh.
Aidiacht	Un adjetivo	Focal a dhéanann cur síos ar rud nó duine (ainmfhocal).
Aidiachtaí sealbhacha	Adjetivos posesivos	mo, do, a, ár, bhur, a / mi(s), tu(s), su(s), nuestro/a(s), vuestro/a(s), su(s) . Athraíonn na haidiachtaí sealbhacha sa Spáinnis ag brath ar uimhir (uatha nó iolra) an rud i do sheilbh, m.sh mi libro (mo leabhar), mis libros (mo leabhair).
An aimsir	El tiempo	Samplaí: an aimsir chaite / láithreach / fháistineach
An aimsir chaite	El pasado	Briathar a chuireann síos ar ghníomh atá déanta. Tá dhá phríomhaimsir chaite ann: el pretérito indefinido (rudáí a tharla agus a chríochnaigh ag am cinnte), el imperfecto (rudáí a tharla thar tréimhse ama nó go rialta san aimsir chaite). Mar shampla: chuir mé = puse/ponía , bhí tú = fuiste/eras (briathar ser), estuviste/estabas (briathar estar), chuaigh sé = fue/iba .
An aimsir fháistineach	El futuro	Briathra a chuireann síos ar ghníomh a tharlóidh amach anseo, m.sh. cuirfidh mé = pondré , beidh tú = serás , rachaidh sé = irá .

LEABHRÁN TÉARMAÍ


A (ar lean)		
An aimsir láithreach	El presente	Briathra a chuireann síos ar ghníomh atá ag tarlú anois nó gach lá, m.sh. cuirim = pongo , bíonn tú/tá tú = eres (briathar ser), estás (briathar estar) , téann sé = va
Alt (an t-alt)	Un artículo	'an' nó 'na' – focail a thugann eolas níos cruinne ar ainmfhocal. Sa Spáinnis bíonn ainmfhocail firinscneach nó baininscneach, an = el/la , na = los/las .
Ainmfhocal	Un sustantivo	Rud, áit nó ainm duine.
B		
Briathar	Un verbo	Focal a chuireann gníomh in iúl, m.sh. siúil = andar , chuaigh mé = fui , canfaidh tú = cantarás , bí = ser/estar .
Briathar fréamhathraitheach	Un verbo con cambio de raíz	Tá briathra sa Spáinnis ina n-athraíonn guta, agus mar sin fuaim, an bhriathair sa fhréamh, m.sh an briathar tuig = entender , tuigim = entiendo .
Briathar Athfhillteach	Un verbo reflexivo	Seo briathra a bhfuil dhá chuid iontu, agus a chuireann "mé féin" in iúl de ghnáth, m.sh ním mé féin = me lavo , gléasann sé é féin = se viste
C		
Cónasc	Una conjunción	Focal a nascann dhá abairt nó frása le chéile, m.sh. agus = y , ach = pero , má = si .
Consan	Una consonante	Litreacha san aibítir nach gutaí iad, agus a mbíonn bac de chineál ar an teanga agus iad á rá.
D		
Dobhriathar	Un adverbio	Focal a chuireann síos ar bhriathar, m.sh. go ciúin = silenciosamente , go láidir = fuertemente .
E		
F		
An fhoirm ómóis	La forma formal	Sa Ghaeilge, deirimid tú le duine amháin i gcónaí. Sa Spáinnis, úsáidimid tú le duine ar chomhaois linn, le cairde agus le teaghlach; ach úsáidimid usted le duine fásta agus le strainséir.
Forainm	Un pronombre	Focal a úsáidimid in ionad ainm duine, nó ruda, m.sh. mé = yo , tú = tú , sise = ella , seo = este/esta .
An Foshuiteach	El subjuntivo	Foirm an bhriathair a úsáidimid chun staid hipitéiseach (smaointe nó cásanna féideartha seachas fíor) a fhiosrú nó chun mianta, éileamh nó moladh a chur in iúl.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

G/H		
An ghramadach	La gramática	Rialacha a bhaineann le struchtúr agus leagan amach na teanga.
Guta	Un vocal	Litreacha nach mbíonn bac ar bith ar an aer dul tríd an mbéal agus iad á rá, m.sh. a, e, i, o agus u .
I/J/K		
Infinideach (an t-infinideach)	El infinitivo	Briathar ina bhunfhoirm. Is é an leagan den bhriathar atá le feiceáil san fhoclóir, m.sh. feiceáil = ver , imirt jugar , léamh = leer . Tá sé éasca an t-infinideach a aithint sa Spáinnis mar críochnaíonn gach briathar le -ar/-er/-ir .
Inscne	El género	(i) firinscneach (ii) bainiscneach, m.sh. el libro, el gorro, el campo = firinscneach, la ventana, la mesa, la vida = bainiscneach. Tá bealaí eile ann chun inscne a aithint ach ní bhíonn sé soiléir i gcónaí agus is gá iad a fhoghlaim.
Iolra	Plural	Níos mó ná rud amháin.
L		
M		
An modh coinníollach	El condicional	Briathra a chuireann síos ar ghníomh a d'fhéadfadh tarlú, dá mbeadh rud éigin eile ann, m.sh. chuirfinn = pondría , bheifeá = serías/estarías , rachadh sé = iría .
N		
Neamhrialta	Irregular	Briathra nach leanann na rialacha ar fad.
O		
P/Q		
An phonaíocht	La puntuación	Comharthaí – camóg, lánstad, comhartha ceiste srl – a chuidíonn linn ciall a bhaint as abairtí scríofa.
R		
Réamhfhocal	Una preposición	Focal a chuireann síos ar shuíomh ruda nó duine, m.sh. – ar = en , ag = a , faoi = bajo , as = de .
Rialta	Regular	Briathra a leanann na rialacha.
S		
Stór Focal	El vocabulario	Liosta focal atá ar eolas agat sa teanga.
T		
Tuiseal	Un caso	Leagan infhillte, nó athraithe, d'ainmfhocal.
U/V/W/X/Y/Z		
Uimhir Uatha	Singular	Rud amháin.



FOCAIL AGUS ABAIRTÍ ÚSÁIDEACHA

Gaeilge	Spáinnis
Ní thuigim.	No entiendo
Conas a deir tú i nGaeilge/Spáinnis?	¿Cómo se dice en gaélico/español?
Conas a litríonn tú?	¿Cómo se escribe?
.... is ainm dom.	Me llamo / Mi nombre es
Tá cónaí orm i/in/sa(i nDún na nGall)	Vivo en (Dún na nGall)
Tá mé ar scoil i (bPobalscoil na Gaeilge).	Asisto a (Pobalscoil na Gaeilge)
Tá mé sa chéad bhliain.	Estoy en el primer año
Tá mé dhá bhliain déag/trí bliana déag d'aois.	Tengo doce/trece años
An bhféadfá é sin a rá arís, le do thoil?	¿Puede(s) repetirlo, por favor?
An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas?	¿Puedo ir al baño?
Cé/Cén duine?	¿Quién?
Cad? / Cad é?	¿Qué?
Cathain? / Cén uair?	¿Cuándo?
Cén áit?	¿Dónde?
Conas? / Cad é mar?	¿Cómo?
Cén fáth? / Cad chuige?	¿Por qué?
An seomra ranga	El aula / La clase
An scoil	La escuela / el colegio
An iar-bhunscoil	El colegio / El instituto
An rang	La clase
An chéad bhliain	El primer año
Scríobh!/Scríobhaigí!	¡Escribe!/¡Escribid!
Léigh!/Léigí!	¡Lee!/ ¡Leed!
Éist!/Éistigí!	¡Escucha!/ ¡Escuchad!



Staidéar Gnó




An staidéar gnó (fir)	Sampla	Míniú ar an rial ghramadaí
An tuiseal ainmneach / cuspóireach	Is maith liom an staidéar gnó .	Focal firinscneach sa chéad díochlaonadh is ea staidéar . Níl aon gá le séimhiú ná urú anseo, ach dá mbeadh, ní féidir ceachtar acu a úsáid le st ag tús focail.
An tuiseal tabharthach 	Tá scrúdú againn ar an staidéar gnó inniu.	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
	Tá scrúdú againn ar an staidéar gnó inniu.	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiseal ginideach	Leabhar staidéar gnó Leabhair staidéar gnó	Ní gá staidéar a chur sa ghinideach i gceachtar den dá chás mar go bhfuil gnó ina dhiaidh.

EOCHAIRFHOCAIL DON STAIDÉAR GNÓ

A	
Acmhainn 	Rud a chabhraíonn leat sprioc a bhaint amach. Bíonn acmhainní éagsúla ann, m.sh. acmhainní nádúrtha, acmhainní fisiciúla, acmhainní daonna.
Acmhainn nádúrtha	Acmhainn atá ar fáil ón nádúr, m.sh. uisce, aer, gaoth .
Amráta 	Ráta pá le haghaidh am áirithe oibre, m.sh. €10 san uair .
Asbhaint 	Suim airgid a thógtar ó do phá. Bíonn cineálacha éagsúla asbhaintí ann, mar a fheictear thíos.
Asbhaint reachtúil 	Asbhaint a thógann an Stát, m.sh. cáin ioncaim .
Asbhaint shaorálach 	Asbhaint a roghnaíonn an duine féin, m.sh. árachas sláinte .

B	
<p>Brabús</p> 	<p>Airgead a dhéanann duine trí earra nó seirbhís a dhíol, m.sh. an brabús a dhéanann duine trí chácaí a dhéanamh ar €2 agus iad a dhíol ar €3.</p>
<p>Bréagbharainneacht</p>	<p>Margadh bréagach atá i gceist leis seo. Ar dtús, ceapann tú go bhfuil margadh maith á fháil agat, ach san iomlán ní fhaigheann tú luach do chuid airgid.</p>
<p>Buiséad</p> 	<p>Plean ioncaim agus caiteachais don am atá le teacht. Ullmhaíonn teaghlaigh, gnólachtaí agus an rialtas buiséad.</p>
<p>Bunphá</p> 	<p>An pá a fhaigheann tú, gan aon bhónas ná íocaíocht bhreise curtha leis.</p>
C	
<p>Cáin</p>	<p>Airgead a thógann an rialtas chun seirbhísí a chur ar fáil don phobal.</p>
<p>Caiteachas</p> 	<p>An t-airgead a chaitheann an duine aonair, gnólacht, nó an rialtas.</p>
<p>Caiteachas caipitiúil</p> 	<p>Airgead a chaitheann tú ar rudaí a mhaireann i bhfad, m.sh. teach, carr. Go minic, is rudaí móra fisiciúla iad.</p>
<p>Caiteachas neamhrialta</p> 	<p>Caiteachas a tharlaíonn anois agus arís agus a bhíonn éagsúil i gcónaí, m.sh. bille leictreachais a bhíonn éagsúil gach mí.</p>
<p>Caiteachas rialta</p> 	<p>Nuair a bhíonn an caiteachas céanna agat gach seachtain nó gach mí, m.sh. morgáiste nó cíos.</p>
<p>Cíos</p> 	<p>Íocann tú cíos leis an tiarna talún mura bhfuil do theach féin agat..</p>
<p>Coigilteas</p> 	<p>Airgead atá sábháilte nó curtha i dtaisce agat, m.sh. airgead a fhaigheann tú do do bhreithlá.</p>



C (ar lean)	
<p>An coimisiún</p> 	<p>Céatadán (%) den bhrabús a fhaigheann daoine, a bhíonn ag obair ag díol earraí nó seirbhísí.</p>
D	
<p>Deischostas</p> 	<p>An costas atá ar an dara rogha (an méid a chaillfidh tú amach air), má bhíonn ort rogha a dhéanamh, m.sh. má roghnaíonn tú d'obair bhaile a dhéanamh ní féidir leat an t-am sin a úsáid le féachaint ar an teilifís.</p>
<p>Duillín pá</p> 	<p>An píosa páipéir a fhaigheann tú le do phá - a thaispeánann cé mhéad airgid atá tuillte agat agus cé mhéad cánach atá íoctha agat.</p>
E	
<p>Easnamh</p> 	<p>Nuair atá an caiteachas níos mó ná an t-ioncam i mbuiséad, m.sh. caiteachas > ioncam.</p>
F	
G/H	
I/ J/K	
<p>Ioncam</p> 	<p>Airgead a fhaigheann tú thar thréimhse faoi leith. Cineálacha ioncaim iad seo: pá, sochar linbh, pinsean.</p>
<p>Ioncam indiúscartha</p>	<p>An t-airgead atá fágtha nuair a thógtar na hasbhaintí go léir ó do phá.</p>
<p>Ioncam roghnaitheach</p>	<p>Ioncam atá fágtha tar éis na n-íocaíochtaí riachtanacha.</p>
L	
<p>Litearthacht airgeadais</p>	<p>Nuair a thuigeann tú cúrsaí airgid. Nuair atá tú stuama le hairgead agus nuair a chaitheann tú airgead go ciallmhar.</p>
M	
<p>Mian</p>	<p>Rud éigin ba mhaith leat, ach nach bhfuil riachtanach duit, m.sh. seacláid.</p>
N	
O	

LEABHRÁN TÉARMAÍ

P/Q	
Pá comhlán	An pá iomlán a fhaigheann duine, gan aon asbhaint tógtha as.
Pinsin 	Suim airgid a fhaigheann tú nuair atá tú aosta agus éirithe as obair ar bhonn lánaimseartha.
R	
Ragobair 	Obair bhreise a dhéanann duine, tar éis 39 uair an chloig. Is minic a fhaigheann tú ráta éagsúil pá don obair seo.
Riachtanas 	Rud atá ag teastáil le maireachtáil. Ní féidir leat maireachtáil gan é, m.sh. aer, bia, uisce.
S	
Sochar comhchineáil 	Earra nó seirbhís éigin, nach airgead é, a fhaigheann tú mar íocaíocht, m.sh. carr comhlachta.
Sochar linbh 	Faigheann tuismitheoirí é seo ón Stát nuair atá páistí acu. Is suim airgid sheachtainiúil é.
T	
Tascráta 	Ráta pá a fhaigheann tú nuair a dhéanann tú tasc éigin, m.sh. €10 as gach 1000 nuachtán a dháileadh.
Tobcheannach 	Nuair a cheannaíonn tú earra nó seirbhís gan smaoineamh faoi, m.sh. téann tú isteach sa siopa le haghaidh bainne, agus tagann tú amach le mála mór milseán freisin.
Tuarastal	Airgead a fhaigheann tú nuair atá post buan agat. Is suim airgid bhliantúil é, m.sh. €35,000.
U/V/W/X/Y/Z	

Stair







An stair (bain)	Sampla	Míniú ar an riail ghramadaí
An tuiseal ainmneach / cuspóireach	Is maith liom an stair .	Ní féidir urú ná séimhiú a chur ar fhocal a thosaíonn le st . Is ainmfhocal baininsneach í stair .
An tuiseal tabharthach  	Bainim sult as an stair . Bainim sult as an stair .	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta. Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiseal ginideach	Leabhar staire .	Focal baininsneach sa dara díochlaonadh is ea stair . Agus mar a tharlaíonn le gach ainmfhocal baininsneach sa díochlaonadh seo sa ghinideach uatha, críochnaíonn sé le e .

EOCHAIRFHOCAIL DON STAIR

A	
A.D.	Anno Domini (bliain ár dTiarna). Na blianta tar éis bhreith Chríost.
An athbheochan	Tréimhse sa stair inar tugadh beatha nua don ealaín, don léann agus do stíl na Sean-Róimhe. Tugaimid an Renaissance mar ainm uirthi freisin.
B	
Beathaisnéis 	Cuntas scríofa ar shaol duine ag duine eile.
Bolscaireacht 	Tuairim, nó scéal, ar leith curtha chun cinn ar mhaithe le tacaíocht a fháil. Go minic, ní bhíonn an scéal fíor.
C	
Cartlann 	Áit ina bhfuil seanábhar scríofa/clóite ar fáil: m.s. agallaimh, dialanna, daonáirimh, doiciméid, grianghraif, léarscáileanna, póstaer agus mar sin de.


LEABHRÁN TÉARMAÍ

C (ar lean)	
Circa (c.)	Focal Laidine, a chiallaíonn 'timpeall', in úsáid nuair nach bhfuil dáta cinnte ag staraí.
Claonta	Aidiacht a chiallaíonn nach bhfuil ach taobh, nó dearcadh, amháin de scéal tugtha, m.sh. 'Is scéal claonta é sin.'
Criticiúil	Cumas a bheith ag duine breithiúnas a dhéanamh; m.sh. an fhírinne a aimsiú i mbolscaireacht nó an dífríocht idir tuairim agus fíric a aithint.
Cróineolaíoch	Aidiacht a chiallaíonn go bhfuil imeachtaí curtha in ord ama, m.sh. amlíne.
D	
Daonáireamh	Suirbhé déanta ag rialtas tíre ar dhaonra, ina mbailítear eolas faoi shlíthe beatha, líon na ndaoine agus eile.
	
Dátú	Iarracht a dhéanamh aois ruda a oibriú amach nó an dáta lena mbaineann sé a aimsiú.
Déantán	Rud déanta ag duine.
Dialann	Cuimhní cinn scríofa ag duine ag an am ar imeachtaí a shaoil.
	
Dírbeathaisnéis	Cuntas scríofa ar shaol duine ag an duine féin.
	
E	
F	
An fhianaise	Eolas ar an ábhar (mar chruthúnas).
An fhoinse	Mír nó áit – leabhar, grianghraf nó a leithéidí – a thugann eolas.
An fhíric	Rud atá fíor.
G/H	
I/J/K	
Iarsma	Rud a thagann ón am atá thart (bíodh sé déanta ag duine nó nach mbíodh).
An iarsmalann/ An músaem	Áit ina bhfuil 'iarsmaí' le feiceáil nó ina bhfuil siad á gcoinneáil.
	
Iontaofa	Doiciméad iontaofa – cáipéis is féidir brath uirthi.

LEABHRÁN TÉARMAÍ





L	
Lámhscríbhinn 	Doiciméad atá scríofa de lámh.
Lonnaíocht	Áit nó tír ina bhfuil dream daoine ag cur fúthu, m.sh. áiteanna inar lonnaigh na Normannaigh in Éirinn.
M	
Meánaois (An Mheánaois/Na Meánaoiseanna)	Tréimhse staire ón am ar thit impireacht na Sean-Róimhe go dtí an Renaissance/ Athbheochan c. 476 – 1492 A.D. 
Mórfhictiúr	Tuiscint a bheith agat ar an scéal ina iomlán, seachas mír, nó cuid, den scéal a thuiscint léi féin.
N	
O	
Oibiachtúil	Aidiacht a chiallaíonn intinn oscailte ar bheith agat faoi scéal, é scrúdaithe agat ó gach taobh, gan smaointe pearsanta a bheith á gcur san áireamh.
P/Q	
Príomha (foinse phríomha)	Eolas a thagann ón am a bhfuil staidéar á dhéanamh air.
R	
R.C.	Na blianta roimh bhreith Chríost.
Réamhstair 	Tréimhse staire sula raibh scríobh ag daoine.
S	
Seandálaíocht 	Eolas a bhailiú ó rudaí fágtha i ndiaidh daoine sa talamh, agus staidéar a dhéanamh ar an mbealach ar mhair daoine san am atá thart bunaithe ar an eolas sin.
Stair	An scéal faoin am atá thart.
Staráí	An duine a insíonn an scéal faoin am atá thart.
T	
Taiscéalaíocht 	Taisteal chuig áiteanna nua chun foghlaim faoin domhan móorthimpeall.
Tánaisteach (foinse thánaisteach)	Eolas nach dtagann ón am a bhfuil staidéar á dhéanamh air, eolas ar athrá, mar shampla, cuntas a scríobhann duine sa lá atá inniu ann ar eachtraí a tharla céad bliain ó shin.
An tuairim 	Barúil nó smaointeamh; ní hionann tuairim agus an fhírinne.
U/V/W/X/Y/Z	












Teicneolaíocht Fheidhmeach










An teicneolaíocht fheidhmeach (bain)	Sampla	Míniú ar an riail ghramaid
An tuiséal ainmneach / cuspóireach	Is maith liom an teicneolaíocht fheidhmeach .	Níl aon séimhiú ar an teicneolaíocht mar gur ainmfhocal baininscneach í a thosaíonn le t . Ní chuirimid séimhiú ar t sa chás seo.
An tuiséal tabharthach	Tá scrúdú againn ar an teicneolaíocht fheidhmeach inniu.	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiséal ginideach	Leabhar teicneolaíocht fheidhmeach .	Focal baininscneach sa tríú díochlaonadh is ea teicneolaíocht . Ní chuirimid teicneolaíocht sa ghinideach sa chás seo mar go bhfuil fheidhmeach ann ina dhiaidh.

EOCHAIRFHOCAIL DON TEICNEOLAÍOCHT FHEIDHMEACH







A	
An t-aschur 	An pointe ag a bhfágann fuinneamh nó eolas córas. Má chuirimid fuinneamh (ola nó leitreachas) nó eolas (uimhreacha nó sonraí) isteach i gcóras (carr, ríomhaire) gineann sin aschur (gluaiseacht an chairr nó freagraí ar an ríomhaire).
B	
Breosla lontaise 	Breosla a thagann ón talamh. Tá sé déanta suas d'ainmhithe agus de phlandaí a fuair bás na mílte bliain ó shin. Tar éis an breosla a úsáid uair amháin, ní féidir é úsáid arís. Samplaí: gual, gás, ola .
Breosla Bithmhaise / Bithbhreosla	Breosla a dhóimid. Tá sé déanta as ábhar orgánach is féidir a athdhéanamh, m.sh. ola plandaí nó gás meatáin . 
Bolgán Solais	Gléas leictreach a aistríonn fuinneamh leictreach go fuinneamh solais.
C	
Ciorcad Leictreach 	Cosán leictreachais déanta suas de chomhphárteanna leictreacha agus tá ionchur agus aschur fuinnimh ann.
Cadhna 	Earra a athraíonn fuinneamh ceimiceach go fuinneamh leictreach. Foinse cumhacht leictreach.
Comhphárteanna	Earraí beaga leictreonacha a úsáidtear i gciorcad chun iad a chur ag feidhmiú.
D	

E	
F	
<p>Fuinneamh</p> 	<p>An cumas chun obair a dhéanamh nó an chúis go dtarlaíonn rud éigin. Ní féidir fuinneamh a chruthú ná a scriosadh – ní féidir ach é a aistriú ó riocht amháin go riocht eile.</p>
<p>Fórsa</p>	<p>Brú nó tarraingt a bhogann rud. Déanaimid tomhas ar fhórsaí i niútain (N).</p>
<p>Fuinneamh in-athnuaite</p>	<p>Fuinneamh is féidir a athúsáid arís agus arís eile agus ní rithfidh sé amach.</p> 
<p>Fuinneamh neamh-inathnuaite</p>	<p>Fuinneamh nach féidir a úsáid ach uair amháin sula ritheann sé amach.</p> 
<p>Friotaíocht</p> 	<p>Fórsa a oibríonn i gcoinne sruth leictreachais. Léiríonn sé cé chomh héasca nó deacair is atá sé don leictreachas bogadh trí ábhar.</p>
G	
<p>Gineadóir</p> 	<p>Fearas a aistríonn fuinneamh meicniúil go fuinneamh leictreachais, m.sh. tuirbín gaoithe ag casadh chun leictreachas a ghiniúint.</p>
<p>Gluaiseacht líneach</p>	<p>Ag bogadh i líne dhíreach, m.sh. traein ag dul ar ráille díreach traenach.</p> 
<p>Gluaiseacht rothlach</p>	<p>Casadh, bogadh timpeall i gciorcail, m.sh. roth ag casadh.</p> 
<p>Gluaiseacht fhrithingeach</p>	<p>Ag bogadh anonn is anall, m.sh. píosa adhmaid á ghearradh.</p> 
<p>Gluaiseacht ascalúcháin</p> 	<p>Ag luascadh anonn is anall i stua, m.sh. luascadán ag luascadh i gclog.</p>
H	
<p>Hidrileictreach</p> 	<p>Leictreachas a dhéanaimid ó chumhacht uisce atá ag sreabhadh.</p>
I	
<p>An t-ionchur</p>	<p>Áit a gcuirimid fuinneamh (ola nó leictreachas), nó eolas (uimhreacha nó sonraí), isteach i gcóras (carr nó ríomhaire).</p>
<p>An t-iarann sádrála</p> 	<p>Fearas a úsáidimid chun sádar a leá, agus sa tslí sin, chun dhá chiorcad a nascadh le chéile.</p>

LEABHRÁN TÉARMAÍ



I (ar lean)	
Inslitheoir 	Ábhar nach sreabhann leictreachas go héasca tríd. Tá friotaíocht ard aige, m.sh. adhmaid, rubar, gloine.
J/K/L	
Leictreachas	Fuinneamh a fhaighimid ó ghluaiseacht leictreoin ó adamh go hadamh. Úsáidimid é chun fearas a chur ag obair.
Lucht	Meáchan a bhíonn ar struchtúr.
Lasc 	Comhpháirt a úsáidimid chun ciorcad a bhriseadh nó a dhéanamh.
LED; dé-óid astaithe solais 	Dé-óid leathsheoltóra a dhéanann solas nuair a shreabhann leictreachas tríthi. Bíonn solas mar seo níos éifeachtúla ná bolgán solais.
Luamhán 	Barra docht a chasann timpeall ar bhuthal nó ar phointe suite chun lucht a bhogadh.
M	
Meáchanlár 	An pointe i struchtúr ar a bhfuil an meáchan ar fad bailithe.
Meicníocht 	Deis a athraíonn ionchur gluaisne nó fórsa go haschur gluaisne nó fórsa.
N	
O	
P/Q	
R	
S	
Struchtúr	Bosca, teach, droichead, foirgneamh, carr, eitleán agus araile atá déanta as ábhar (cairtchláir, clocha, brící, adhmaid, miotal, snáithínghloine agus araile).
Sreang leictreach 	Sreang déanta de mhíotal, a dtéann leictreachas tríthi go héasca. Úsáidimid iad chun comhpháirteanna a nascadh i gciorcad.

LEABHRÁN TÉARMAÍ


S (ar lean)	
<p>Sruth leictreach </p>	Leictreon ag bogadh ó adamh go hadamh.
<p>Sádar </p>	Cóimhiotal déanta de stán agus luaidhe, a bhfuil leáphointe íseal aige. Úsáidimid é chun comhpháirteanna i gciorcad a nascadh le chéile.
<p>Seoltóir </p>	Ábhar trína sreabhann leictreachas go héasca. Tá friotaíocht íseal aige, m.sh. copar, cruach, ór.
<p>Sprionga </p>	Deis laisteach é sprionga. Ciallaíonn sé seo gur féidir é a lúbadh, a chomhbhrú, a chasadh nó a tharraingt amach as cruth. Nuair a bhainimid an fórsa gluaisne de, filleann sé ar an gcruith ar thosaigh sé leis.
T	
<p>Tuirbín </p>	Meaisín a tháirgeann cumhacht trí roth nó rótar a rothlú trí shreabhadh tapa uisce, gaile, gáis, aeir nó sreabháin eile.
U/V/W/X/Y/Z	
<p>Voltas </p>	Déanann an voltas tomhas ar an difríocht phoitéinsil idir dhá phointe i gciorcad, nó ar gluaiseacht an tsrutha ó phointe go pointe.
Téarma	Míniú



Tíreolaíocht

An tíreolaíocht (bain)	Sampla	Míniú ar an riail ghramadaí
An tuiseal ainmneach / cuspóireach	Is maith liom an tíreolaíocht .	Ní chuirimid séimhiú ar fhocal a thosaíonn le t , nuair a thagann an roimhe. Is ainmfhocal baininscneach í tíreolaíocht .
An tuiseal tabharthach 	Tá a lán le foghlaim ón tíreolaíocht .	Réamhfhocal + an + urú ar chonsan, ach ní le 't' (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
	Tá a lán le foghlaim ón tíreolaíocht .	Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta.
An tuiseal ginideach	Leabhar tíreolaíochta	Focal baininscneach sa triú díochlaonadh is ea tíreolaíocht . Críochnaíonn sé ar a sa ghinideach.








EOCHAIRFHOCAIL DON TÍREOLAÍOCHT

A	
Abhainn 	Sruth uisce ó thalamh ard go loch nó farraige.
Acmhainn 	Rud a mbaineann daoine úsáid as, m.sh. is acmhainní nádúrtha iad adhmaid, miotail, plandaí .
Aimsir 	Na coinníollacha ó lá go lá, m.sh. fiuch, stoirmiúil, grianmhar . Conas mar atá an lá inniu?
Aeráid 	Na coinníollacha aimsire ar an meán thar tréimhse fhada, m.sh. 30 bliain. Conas mar a bhíonn sé ag an am seo den bhliain, de ghnáth?
Aerfótagraf 	Grianghraf ó dhrón, ó héileacaptar nó ó shatailít, a thaispeánann cuid den tírdhreach.



LEABHRÁN TÉARMAÍ

B	
Bolcán 	Sliabh cónúil, ar féidir le laibhe éalú as.
C	
Carraig 	Cloch mhór, nó cineál cloiche, m.sh. an bhunchloch sa talamh.
Creimeadh 	Nuair a bhrítear síos clocha, m.sh. le fórsa abhann nó farraige. Tarlaíonn iompar agus sil-leagan ina dhiaidh seo.
Crith talún 	Nuair a bhogann plátaí teicteonacha, critheann nó bogann an talamh go tobann.
Croí (istigh agus amuigh)	Lár an domhain. Roinnte ina 2 chuid: an croí istigh (soladach) agus an croí amuigh (leath leáite)
Cruinneog 	Ón bhfocal 'cruinn', is léarscáil í seo i bhfoirm liathróide.
Cúnamh	Focal oifigiúil ar an gcabhair a thugtar do thíortha i mbéal forbartha nó d'áiteanna ina dtarlaíonn tubaiste.
D	
Daonra	Na daoine a chónaíonn in áit.
E	
F	
Forbairt eacnamaíoch 	Éiríonn daoine níos saibhre, bíonn níos mó seirbhísí ar fáil agus maireann daoine níos faide, de ghnáth.
Foinse fuinnimh	Rud a thugann fuinneamh, cumhacht, nó leictreachas, m.sh. gual, adhmaid, an ghrian.
G/H	
Geoteirmeach (fuinneamh geoteirmeach)	Fuinneamh a thagann ón teas ón maintlín, seachas fuinneamh bolcánach. Geo = talamh, teirm = teas. 
I/J/K	
Imirce	Daoine ag aistriú chun cónaí in áit nó i dtír eile.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

I/J/K (ar lean)	
In-athnuaite (fuinneamh in-athnuaite)	Fuinneamh is féidir a úsáid arís, nach dtagann laghdú air, m.sh. fuinneamh na gréine . 
Inbhuanaitheacht 	An cumas rudaí a dhéanamh, nó a úsáid, a mhairfidh níos faide agus nach ndéanann a lán damáiste don timpeallacht, m.sh. buidéal in-athúsáide a úsáid in ionad buidéal nua plaisteach gach lá.
Iompar 	Rud a bhogadh ó áit go háit. Nuair a tharlaíonn creimeadh, iompraíonn abhainn, farraige, nó oighear an charraig bhriste ar aghaidh.
L	
Laibhe 	Magma ó bholcán nuair a éalaíonn sé amach tríd an screamh.
Léarscáil 	Mapa; pictiúr cruinn a léiríonn cá bhfuil rudaí suite, trí fhocail, siombailí agus dathanna a úsáid.
M	
N	
Neamh-inathnuaite	Acmhainn a dtagann laghdú air, nó a imíonn, nuair a úsáidimid é, m.sh. gás nádúrtha nó gual . 
O	
An ollghluaiseacht	Nuair a bhogann ábhar amhail carraig, sneachta, nó láib síos fána.
P/Q	
R	
S	
An screamh	An ciseal ar an taobh amuigh den domhan. An talamh.
Sil-leagan	Nuair a tharlaíonn creimeadh agus iompar, tar éis tamaill fághtar na clocha briste in áit nua.
Síonchaitheamh 	Nuair a bhriseann gnéithe den aimsir (an ghrian, an bháisteach, an ghaoth, an sioc agus araile) carraigeacha, sléibhte, foirgnimh, tírdhreacha.

Ábhar breise

	Sampla	Míniú ar an rial ghramadaí
An tuiseal ainmneach / cuspóireach		
An tuiseal tabharthach		
		
		
An tuiseal ginideach		

EOCHAIRFHOCAIL

A	
B	
C	
D	
E	
F	
G/H	
I/J/K	
L	
M	
N	
O	

Briathra Gnímh

Briathar	Míniú
Aimsigh	Ríomh, tomhais, faigh amach, agus araile.
Aithin	sainaithe na rudaí seo: (i) fíricí, (ii) saintréithe nó (iii) coincheapa, atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint.
Anailísigh Déan anailís ar...	(i) déan staidéar nó scrúdú ar rud go mion, (ii) déan miondealú ar rud, chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; (iii) sainaithe codanna agus coibhneasa, agus (iv) léirmhíneigh fianaise chun teacht ar chonclúidí.
Argóin Déan argóint faoi... Déan cás ar son... Áitigh	ceistigh smaoineamh agus déan díospóireacht ina leith, chun meon nó seasamh duine a athrú.
Athbhreithnigh Déan athbhreithniú ar...	(i) déan athscrúdú go cúramach nó go criticiúil, chun tacú le tuairim nó chun easaontú leis; (ii) déan anailís ar thorthaí chun tuairim a thabhairt.
Bain tátal as... Bain tuiscint as... Bain as...	déan triail agus tástáil chun rud éigin nua a fháil amach nó chun rud éigin a chruthú.
Beachtaigh	cuir feabhas ar rud (scéal, aiste, scannán, ceol) trí idirdhealuithe miona a chur isteach.
Ceap	cuir na coincheapa nó na hargóintí cuí in iúl go beacht (go cruinn) agus go córasach (in ord a dhéanann ciall).
Cleacht	déan dráma, píosa ceoil nó saothar eile go rialta chun é a dhéanamh réidh le cur os comhair an phobail.
Cosain	tabhair cúiseanna nó fianaise, chun tacú le freagra nó le conclúid.
Cruthaigh	déan rud éigin as an nua.
Cuir i bhfeidhm	roghnaigh agus bain úsáid as (i) faisnéis agus/nó (ii) eolas agus (iii) tuiscint, chun cás tugtha a mhíniú nó chun fíorchúinsí a mhíniú.
Cuir i láthair	taispeáin (nó tairg nó tabhair) rud ar bhealach foirmiúil; taispeáin rud roimh fhóram poiblí.
Cuir i ngrúpa	sainaithe rudaí nó réada de réir saintréithe.
Cuir síos ar... Déan cur síos ar...	(i) forbair pictiúr nó íomhá, le mionsonraí, ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; (ii) tairg plean, ionsamhlú nó samhail.
Cum	scríobh nó cruthaigh saothar ealaíne, go háirithe píosa ceoil nó píosa filíochta.
Déan	tabhair faoi ghníomhaíocht.
Déan ceangal idir...	déan nasc; tabhair rudaí le chéile chun nasc a dhéanamh eatarthu.
Déan comparáid idir...	tabhair cuntas ar na cosúlachtaí agus/nó ar na difríochtaí idir 2 (nó níos mó) rud nó cás. Is gá tagairt do gach ceann síos tríd.
Déan critic (léirmheas) ar...	luaigh gnéithe dearfacha agus diúltacha de rud – smaoineamh, déantúsán nó próiseas ealaíonta mar shampla, agus tabhair cúiseanna.

Briathar	Míniú
Déan taighde ar...	déan iniúchadh casta agus criticiúil, chun sainfhiosrú a dhéanamh.
Dear	ceap rud éigin, cruthaigh é agus cuir i ngníomh é, bunaithe ar phlean.
Deimhnigh	tabhair fianaise chun tacú le firinne ráitis.
Eagraigh	socraigh rud; cuir rud i gcóras nó rianaigh é.
Fiosraigh	breathnaigh ar eolas nó déan staidéar air, chun fíricí a chinntiú.
Forbair	éabhlóidigh: déan rud soiléir nó leathnaigh amach é, ó thaobh sonraí de.
Iniúch Déan iniúchadh ar...	déan breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí úra.
Léirigh (cuir in iúl)	léirigh rud nó luaigh é; tarraing aird ar rud.
Léirigh (léirigh le samplaí)	úsáid samplaí chun cur síos ar rud éigin.
Léirmhíneigh Tabhair léirmhíniú ar...	úsáid eolas agus tuiscint chun treochothaí a aithint agus chun teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar.
Léirtheiscint a bheith ag... do...	aithin brí, bíodh tuiscint phraiticiúil agat do rud.
Liostaigh	tabhair roinnt pointí, gan aon mhíniú breise.
Machnaigh Déan machnamh ar...	meas rud chun ceartúchán nó feabhsúchán a dhéanamh.
Meas (cuimhnigh ar...)	(i) déan cur síos ar phatrúin i sonraí; (ii) úsáid eolas agus tuiscint chun patrúin a léirmhíniú; (iii) déan tuartha agus seiceáil iontaofacht.
Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil) Déan measúnú ar...	(i) bailigh agus scrúdaigh fianaise chun breithiúnas agus breithmheas a dhéanamh; (ii) déan cur síos ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; (iii) sainaithe srianta fianaise i gconclúidí; (iv) déan breithiúnais ar smaointe, ar réitigh nó ar mhodhanna.
Measúnaigh (faisnéis) Déan measúnú ar...	(i) bailigh agus scrúdaigh fianaise chun breithiúnas agus breithmheas a dhéanamh; (ii) déan cur síos ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; (iii) sainaithe srianta faisnéise i gconclúidí; (iv) déan breithiúnais ar smaointe, ar réitigh nó ar mhodhanna.
Mínigh	tabhair mionchuntas agus fáthanna.
Mol	tairg rud nó mol é lena bhreathnú, lena ghlacadh nó le haghaidh gnímh.
Oiriúnaigh Cuir in oiriúint	déan rud éigin oiriúnach do chúinse, d'úsáid nó do chuspóir nua.
Pléigh Déan plé ar...	tabhair athbhreithniú cothrom, ina bhfuil réimse argóintí, tosca nó hipitéisí: cuir tuairimí nó conclúidí i láthair go soiléir agus tacaigh leo le fianaise chúí.
Rangaigh Déan rangú ar...	cuir rudaí i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta.
Sainaithe	(i) aithin patrúin, fíricí nó sonraí; (ii) tabhair freagra ó roinnt féidearthachtaí (iii) aithin fíric (fíoras) nó gné shainiúil agus luaigh go hachomair í.

LEABHRÁN TÉARMAÍ

Briathar	Míniú
Sainmhíneadh Tabhair sainmhíniú ar...	tabhair míniú beacht ar fhocal, ar fhrása, nó ar choincheap.
Scrúdaigh Déan scrúdú ar...	meas argóint, coincheap nó mír, ar bhealach a nochtann tuairimí, idirghaol nó struchtúr na hargóna (nó an choincheap nó na míre).
Sintéisigh Tarraing le chéile	tabhair smaointe difriúla le chéile chun tuiscint nua a chruthú.
Tabhair breac-chuntas ar...	tabhair na príomhphointí – na nithe ríthábhachtacha amháin.
Tabhair breithmheas ar...	déan measúnú, breith nó meas ar shaothar.
Tabhair fianaise faoi...	tabhair sonraí, obair agus cáipéisíocht, a thacaíonn le tátal nó le conclúid.
Tabhair le fios	mol réiteach, hipitéis nó freagra féideartha.
Taispeáin	(i) cruthaigh rud nó déan soiléir é, trí réasúnaíocht nó le fianaise; (ii) léirigh rud le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil.
Tobchumadh/ Déan tobchumadóireacht/ Cum lom láithreach	cruthaigh ceol agus seinn é gan réamhsmaoineamh nó gan ullmhú roimh ré; léirigh rud, nó déan rud, le/as cibé rud atá ar fáil.
Trácht Déan trácht ar...	tabhair tuairim bunaithe ar ráiteas a tugadh nó ar thoradh ríofa.
Tras-scríobh	(i) cuir smaointe, urlabhra nó sonraí i bhfoirm scríofa nó clóscríofa; (ii) scríobh an méid a chloistear i bhfoirm litreacha nó abairtí.
Úsáid Bain úsáid as...	cuir eolas, scileanna nó rialacha i bhfeidhm.
Briathar	Míniú



